Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

11888/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0248(COD)**

**JAI 824**
**FRONT 293**
**ASIM 76**
**MIGR 116**
**CODEC 996**
**CADREFIN 327**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10973/4/20 REV 4 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10153/18 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Tearmainn agus Imirce<br>- cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn téacs an chur chuige ghinearálta i leith an Rialacháin thuasluaite, mar a chomhaontaigh an Chomhairle é an 12 Deireadh Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

2018/0248 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Ciste Tearmainn, [...] Imirce agus *Lánpháirtíochta***

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2) agus Airteagal 79(2) agus (4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

[1] IO C , , lch. .

[2] IO C , , lch. .

(1) I gcomhthéacs na n-athruithe atá ag teacht ar na dúshláin imirce arb iad a gcomharthaí sóirt iad an gá tacú le córais láidre sna Ballstáit le haghaidh glacadh, tearmainn, lánpháirtiú agus imirce, an gá staideanna brú a chosc agus a láimhseáil go cuí, agus an gá bealaí imirce atá dleathach sábháilte a chur ar fáil in ionad daoine a bheith ag teacht ar bhealaí neamhrialta neamhshábháilte, tá sé ríthábhachtach infheistiú i mbainistiú imirce an Aontais le go mbeidh sé éifeachtúil agus comhordaithe d'fhonn cuspóir an Aontais a bhaint amach mar atá bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais de bhun Airteagal 67(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(2) Léiriú ar a thábhachtaí atá sé cur chuige comhordaithe a bheith ag an Aontas agus ag na Ballstáit is ea an Clár Oibre Eorpach maidir le hImirce ó Bhealtaine 2015 inar leagadh béim ar an ngá le comhbheartas comhsheasmhach soiléir le go mbeidh muinín ann arís i gcumas an Aontais iarrachtaí na hEorpa agus na mBallstát a thabhairt le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an imirce agus chun oibriú le chéile ar bhealach éifeachtach, i gcomhréir le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, agus dearbhaíodh an tábhacht sin san athbhreithniú meántéarma i Meán Fómhair 2017 agus sa tuarascáil ar dhul chun cinn i Márta agus i mBealtaine 2018.

(3) Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an athuair, ina conclúidí an 19 Deireadh Fómhair 2017, an gá cur chuige cuimsitheach, pragmatach agus daingean a shaothrú maidir le bainistiú imirce a mbeidh sé mar aidhm leis smacht a fháil arís ar theorainneacha seachtracha agus líon na ndaoine atá ag teacht go neamhrialta agus líon na ndaoine atá ag fáil bháis ar muir a laghdú, agus ar cheart é a bheith bunaithe ar úsáid sholúbtha chomhordaithe a bhaint as na hionstraimí uile de chuid an Aontais agus na mBallstát a bhfuil fáil orthu. Thairis sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach go n-áiritheofaí go méadófaí go mór ar an bhfilleadh trí ghníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, amhail comhaontuithe éifeachtacha agus socruithe éifeachtacha um athligean isteach. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart cuid shuntasach den chistiú ón tsaoráid théamach a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha. Sna conclúidí uaithi an 28 Meitheamh 2018, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach nach féidir beartas feidhmiúil imirce a bheith ag an Aontas gan cur chuige cuimsitheach a bheith ann i leith na himirce, beartas a chuimsíonn rialú níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais, níos mó den ghníomhaíocht sheachtrach, maille leis na gnéithe inmheánacha, agus sin a bheith i gcomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais. Chuir an Chomhairle Eorpach i dtreis go raibh gá le hionstraimí solúbtha, a cheadódh eisíocaíocht a dhéanamh gan mhoill, chun an imirce neamhdhleathach a chomhrac.***

(4) Chun tacú le hiarrachtaí cur chuige cuimsitheach a áirithiú maidir le bainistiú imirce bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, ar dhlúthpháirtíocht agus ar chomhroinnt freagrachta idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais, agus é mar chuspóir leis sin a áirithiú go bhfuil comhbheartas inbhuanaithe ag an Aontas maidir le tearmann agus imirce, ba cheart a leordhóthain acmhainní airgeadais a thabhairt mar thacaíocht do na Ballstáit faoin gCiste Tearmainn*,* [...] Imirce ***agus Lánpháirtíochta*** (dá ngairtear "an Ciste" anseo feasta).

(5) Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do na cearta agus do na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais maidir le cearta bunúsacha.

(6) Sa Chiste, ba cheart cur leis na torthaí agus leis na hinfheistíochtaí a gnóthaíodh le tacaíocht na n-ionstraimí a tháinig roimpi: an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an Ciste Eorpach chun Náisiúnaigh Tríú- Tír a Lánpháirtiú a bunaíodh le Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle agus an Ciste Eorpach um Fhilleadh a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle don tréimhse 2007-2013 agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht don tréimhse 2014-2020, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ag an am céanna, ba cheart na forbairtí ábhartha nua ar fad a chur san áireamh leis.

(7) Ba cheart don Chiste tacú le bainistiú éifeachtúil ar shreabha imirce, *inter alia* trí bhearta coiteanna a chur chun cinn i réimse an tearmainn, lena n-áirítear iarrachtaí na mBallstát maidir le glacadh daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu trí athlonnú***, ligean isteach ar fhoras daonnúil*** agus maidir le haistriú iarratasóirí nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta idir Ballstáit, trí thacaíocht a thabhairt do straitéisí lánpháirtíochta agus do bheartas níos éifeachtaí maidir leis an imirce dhleathach, chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus todhchaí a shamhla sóisialta a áirithiú, agus chun laghdú a dhéanamh ar na dreasachtaí a spreagann imirce neamhrialta, trí bheartas inbhuanaithe maidir le filleadh agus athligean isteach. Ba cheart don Chiste tacú le neartú an chomhair le tríú tíortha chun an bainistiú a threisiú ar shreabha daoine atá ag déanamh iarratas ar thearmann nó ar chosaint idirnáisiúnta de chineálacha eile, tacú le bealaí dleathacha imirce agus cosc a chur leis an imirce neamhrialta agus inbhuanaitheacht an fhillte agus éifeacht an athligin isteach i dtríú tíortha a áirithiú. ***Beidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil leis an gciste gan dochar do chineál iomlán deonach athlonnaithe agus athshocraithe na n-iarratasóirí ar chosaint náisiúnta agus tairbhithe na cosanta sin faoi chreat dlíthiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn is infheidhme tráth a ghlacfar an Rialachán seo.***

(8) Léirigh géarchéim na himirce gur ghá athchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn [...] chun a áirithiú gurb ann do nósanna imeachta éifeachtúla tearmainn ar leor iad chun gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, chun coinníollacha glactha aonfhoirmeacha agus iomchuí a chruthú d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta, chun caighdeáin aonfhoirmeacha maidir le deonú cosanta idirnáisiúnta a chur ar fáil, agus chun cearta agus sochair iomchuí do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta sholáthar. Ag an am céanna, bhí gá leis an athchóiriú chun córas níos cothroime agus níos éifeachtaí a thabhairt isteach le freagracht na mBallstát a chinneadh maidir le hiarratasóirí cosanta idirnáisiúnta chomh maith le creat de chuid an Aontais le haghaidh iarrachtaí athlonnaithe na mBallstát. Dá bhrí sin, is iomchuí an Ciste níos mó tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit lena n-iarrachtaí an Comhchóras Eorpach Tearmainn athchóirithe a chur i bhfeidhm ina iomláine agus i gceart.

***[...]*[3]*[...]***

(10) Ba cheart don Chiste tacú le hiarrachtaí an Aontais agus na mBallstát feabhas a chur ar acmhainneacht na mBallstát forbairt, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a mbeartais tearmainn i bhfianaise a gcuid oibleagáidí faoi reachtaíocht dhlí an Aontais.

**3** Rialachán (AE) Uimh. ../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] (IO L …, [dáta], lch. ...).

(11) Is cuid riachtanach de bheartas tearmainn an Aontais iad comhpháirtíochtaí agus comhar le tríú tíortha d'fhonn a áirithiú go ndéantar bainistiú leordhóthanach ar shreabha daoine a bhfuil iarratas ar thearmann nó ar fhoirmeacha eile cosanta idirnáisiúnta á dhéanamh acu. Agus é mar aidhm náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a bheith ag teacht chuig críoch na mBallstát go dleathach agus go sábháilte seachas go neamhshábháilte agus go neamhrialta, chun dlúthpháirtíocht a léiriú le tíortha i réigiúin a bhfuil líon mór daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu aslonnaithe chucu nó iontu, trí chuidiú le maolú an bhrú ar na tíortha sin, chun cuidiú le gnóthú cuspóirí beartais an Aontais maidir leis an imirce trí ghiaráil an Aontais i dtaca le tríú tíortha, a mhéadú, agus chun rannchuidiú go héifeachtach le tionscnaimh athlonnaithe dhomhanda trí labhairt d'aon ghuth i bhfóraim idirnáisiúnta agus le tríú tíortha.,[...]

(12) I bhfianaise na n-ardleibhéal sreabha imirce chuig an Aontas le blianta anuas agus a thábhachtaí atá sé comhtháthú ár sochaithe a áirithiú, tá sé ríthábhachtach tacú le beartais na mBallstát maidir le [...] lánpháirtiú náisiúnach tríú tír atá ag fanacht iontu go dleathach, lena n-áirítear na réimsí tosaíochta arna sainaithint sa Phlean Gníomhaíochta maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a ghlac an Coimisiún in 2016.

***(12a) Na bearta a mhaoineofar faoin gCiste seo ba cheart go dtacóidís le bearta atá saincheaptha do riachtanais na náisiúnach tríú tír, mar shampla iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin: gníomhaíochtaí lena gcuirtear féinchumhachtú náisiúnach tríú tír chun cinn trí oiliúint teanga agus cúrsaí insealbhaithe saoránachta, lena gcuirtear comhairle agus cúnamh ar fáil do náisiúnaigh tríú tíortha i réimsí amhail tithíocht, cóir mhaireachtála, treoir riaracháin agus dlíthiúil, cúram síceolaíoch agus sláinte, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail le haghaidh lánpháirtíochta. Ba cheart don Chiste tacú le bearta cothrománacha freisin lena ndírítear ar chur le hacmhainneacht na mBallstát straitéisí lánpháirtíochta a fhorbairt, malartú agus comhar a neartú agus teagmháil, idirphlé cuiditheach agus glacadh idir náisiúnaigh tríú tíortha agus an tsochaí ghlactha a chur chun cinn.***

(13) Chun éifeachtúlacht a mhéadú, an breisluach Eorpach is mó a bhaint amach agus comhsheasmhacht fhreagairt an Aontais a áirithiú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chothú, ba cheart na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gCiste a bheith [...] comhlántach maidir le gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)**,** [...] Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) ***agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD). Is féidir, le CSE+, tacú le bearta lena gcuirtear lánpháirtíocht shocheacnamaíoch, oideachas agus cuimsiú sóisialta náisiúnach tríú tír chun cinn, amhail oiliúint teanga obairbhunaithe, gairmoideachas agus gairmoiliúint, dreasachtaí fostaíochta agus féinfhostaíochta, agus soláthar seirbhísí sóisialta. Ina theannta sin, féadfar, le CFRE, lánpháirtíocht a chur chun cinn trí thacú le hinfheistíochtaí trí bhearta comhtháite lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta. Thairis sin, féadfar, le EAFRD, cabhrú le lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a bhféadfadh deiseanna fostaíochta a bheith ann dóibh i limistéir thuaithe. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tacú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír i gcomhréir lena gcás sonrach agus lena riachtanais shonracha, tríd an gCiste Aontais is ábhartha a úsáid, i gcomhréir le réimse idirghabhála spriocdhírithe agus na cuspóirí atá le baint amach agus i gcomhlántacht le Cistí eile an Aontais.*** [...].

(14) [...] . Sa chomhthéacs sin, ba cheart ceangal a bheith ar na húdaráis de chuid na mBallstát atá freagrach as cur chun feidhme an Chiste comhoibriú agus [...]comhordú [...] leis na húdaráis arna sannadh ag na Ballstáit chun críocha idirghabhálacha CSE+***, EAFRD*** agus [...] CFRE a bhainistiú agus, nuair is gá, le húdaráis bhainistíochta na gcistí sin agus le húdaráis bhainistíochta aon chistí eile de chuid an Aontais a rannchuidíonn le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír.

(15) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste sa réimse sin a bheith ag teacht le bunphrionsabail choiteanna an Aontais maidir le lánpháirtíocht, mar a shainítear sa chlár coiteann um lánpháirtíocht iad.

(16) Is iomchuí ligean do na Ballstáit sin ar mian leo é foráil a dhéanamh ina gcláir go bhféadfaí garghaolta náisiúnach tríú tíortha a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí maidir le lánpháirtíocht a mhéid is gá sin chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme. Tuigtear go gciallóidh "garghaol" céile, páirtí agus aon duine ag a bhfuil nasc díreach teaghlaigh sa líne shliochtach nó sa líne shinsearach leis an náisiúnach tríú tír ar a bhfuil an ghníomhaíocht maidir le lánpháirtíocht dírithe agus nach gclúdófaí seachas sin faoi raon feidhme an Chiste.

(17) I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag údaráis [...] ***na mBallstát*** agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta i réimse na lánpháirtíochta agus chun rochtain na n-eintiteas sin ar chistiú ar leibhéal an Aontais a éascú, ba cheart don Chiste éascaíocht a dhéanamh d'údaráis ***náisiúnta, réigiúnacha agus*** áitiúla [...] nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i réimse na lánpháirtíochta, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an tsaoráid théamach agus ráta cómhaoiniúcháin níos airde a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin.

(18) I bhfianaise na ndúshlán fadtéarmacha atá roimh an Aontas maidir le cúrsaí eacnamaíocha agus déimeagrafacha, tá sé ríthábhachtach bealaí imirce dleathaí chuig an Aontas a fheidhmíonn go maith a bhunú ionas go mbeidh an tAontas i gcónaí ina cheann scríbe tarraingteach ag imircigh agus chun inbhuanaitheacht córas leasa shóisialta agus fás gheilleagar an Aontais a áirithiú.

(19) Ba cheart don Chiste tacú leis na Ballstáit straitéisí a chur ar bun chun an imirce dhleathach a eagrú, chun a n-acmhainneacht a fhorbairt maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh, i gcoitinne, ar gach straitéis, beartas agus beart inimirce agus lánpháirtíochta le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach, lena n-áirítear ionstraimí dlíthiúla de chuid an Aontais. Ba cheart don Chiste tacú le malartú faisnéise, na gcleachtas is fearr agus comhair idir ranna éagsúla riaracháin agus idir leibhéil éagsúla rialachais, agus idir na Ballstáit.

(20) Dlúthchuid den chur chuige cuimsitheach maidir leis an imirce atá á shaothrú ag an Aontas agus ag na Ballstáit is ea an beartas éifeachtúil maidir le filleadh. Ba cheart don Chiste tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát d'fhonn caighdeáin choiteanna maidir le filleadh a chur chun feidhme go héifeachtach agus a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe mar a leagtar amach i dTreoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], mar aon le cur chuige comhtháite comhordaithe maidir le filleadh a bhainistiú. Ar mhaithe le beartais inbhuanaithe maidir le filleadh, ba cheart don Chiste tacaíocht chomhionann a thabhairt do bhearta gaolmhara i dtríú tíortha, amhail ath-lánpháirtiú fillithe.

(21) Ba cheart na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fhilleadh deonach. Chun filleadh deonach a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit dreasachtaí a bheartú amhail cóir fhabhrach i bhfoirm cúnamh níos fearr chun filleadh [...]. Tá filleadh deonach den sórt sin chun leas na bhfillithe agus na n-údarás araon ó thaobh a chost-éifeachtúlachta de.

(22) Mar sin féin, tá an filleadh deonach agus an [...] filleadh éigeantach idirnasctha agus tá éifeacht atreisithe acu ar a chéile agus ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a spreagadh leis na comhlántachtaí idir an dá chineáil fillte sin a neartú. Tá an deis asbhaint a dhéanamh ina heilimint thábhachtach a chuireann le sláine na gcóras tearmainn agus imirce dleathaí. Dá bhrí sin, ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun asbhaintí a éascú agus a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos i ndlí an Aontais, i gcás inarb infheidhme, agus cearta bunúsacha agus dínit na bhfillithe á n-urramú go hiomlán.

---

4 Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit le haghaidh náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

(23) Le bearta tacaíochta sonracha d'fhillithe sna Ballstáit agus sna tíortha a bhfilleann siad orthu, is féidir feabhas a chur ar na dálaí fillte agus ar a n-ath-lánpháirtiú inbhuanaithe.

(24) Tá comhaontuithe um athligean isteach agus socruithe eile ina gcuid lárnach de bheartas an Aontais maidir le filleadh agus is uirlis lárnach iad maidir le bainistiú éifeachtúil ar shreabha imirce mar éascaíonn siad filleadh tapa imirceach neamhrialta. Is gné thábhachtach iad na comhaontuithe sin ó thaobh an idirphlé agus an chomhair le tríú tíortha tionscnaimh agus ba cheart tacú le hidirthuras imirceach neamhrialta agus lena gcur chun feidhme i dtríú tíortha ar mhaithe le beartais éifeachtacha maidir le filleadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

(25) De bhreis ar thacú le filleadh daoine mar a fhoráiltear sa Rialachán seo, ba cheart go dtacófaí, leis an gCiste, le bearta eile chun dul i ngleic le himirce neamhrialta, aghaidh a thabhairt ar na dreasachtaí a spreagann imirce neamhrialta nó ar an dul timpeall ar na rialacha atá ann cheana maidir le himirce dhleathach, agus leis sin sláine chórais inimirce na mBallstát a chosaint.

(26) Toisc tharraingthe don imirce mhídhleathach is ea imircigh neamhrialta a fhostú agus baineann sé an bonn ó fhorbairt an bheartais soghluaisteachta lucht saothair bunaithe ar scéimeanna imirce dleathaí. Dá bhrí sin, ba cheart don Chiste tacú leis na Ballstáit, go díreach nó go hindíreach, agus Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] á cur chun feidhme acu, ar treoir í lena gcuirtear toirmeasc ar fhostú náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach agus lena bhforáiltear maidir le smachtbhannaí i gcoinne fostóirí a sháraíonn an toirmeasc sin.

---

**5** Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena bhforáiltear do chaighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24).

(27) Ba cheart don Chiste tacú leis na Ballstáit, go díreach nó go hindíreach, agus Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] á cur chun feidhme acu, lena leagtar amach forálacha maidir le cúnamh, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine.

(28) Ba cheart don Chiste comhlánú [...] a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí i réimse an fhillte a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta arna bunú le Rialachán (AE) [...]***…/2019*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus dá bhrí sin rannchuidiú le héifeachtacht an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip, mar a shainmhínítear é in Airteagal 4 den Rialachán sin.

(29) Ba cheart sineirgí, comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht a lorg le cistí eile de chuid an Aontais agus ba cheart forluí idir na gníomhaíochtaí a sheachaint.

(30) Bearta i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, ba cheart iad a bheith ina gcomhlánú ar ghníomhaíochtaí eile lasmuigh den Aontas, a fhaigheann tacaíocht trí ionstraimí maoiniúcháin sheachtraigh an Aontais. Agus gníomhaíochtaí den sórt sin á gcur chun feidhme, ba cheart, go háirithe, iarracht a dhéanamh teacht ar chomhleanúnachas iomlán le prionsabail agus le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach agus bheartas eachtrach an Aontais i ndáil leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais. I ndáil leis an ngné sheachtrach, ba cheart tacaíocht ón gCiste a dhíriú ar chomhar a fheabhsú le tríú tíortha agus ar phríomhghnéithe an bhainistithe imirce a threisiú i réimsí ar díol suime iad ó thaobh bheartas imirce an Aontais de.

---

**6** Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a ghlacann ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch 1).

**7** Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

(31) Ba cheart cistiúchán ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar ghníomhaíochtaí ina bhféadfadh idirghabháil an Aontais breisluach a chur ar fáil i gcomparáid le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit amháin. An tacaíocht airgeadais a thabharfar faoin Rialachán seo, ba cheart go gcuirfeadh sí, go háirithe, le neartú chumas na mBallstát agus an Aontais i réimsí an tearmainn agus na himirce.

(32) Féadfar a mheas nach bhfuil Ballstát ag comhlíonadh an *acquis* ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear maidir le tacaíocht oibriúcháin faoin gCiste seo, murar chomhlíon sé a chuid oibleagáidí faoi na Conarthaí i réimse an tearmainn agus na himirce, má tá baol soiléir ann go sáróidh an Ballstát luachanna an Aontais agus an *acquis* maidir le tearmann agus filleadh á chur chun feidhme aige, nó má sainaithníodh easnaimh sa réimse ábhartha i dtuarascáil mheastóireachta faoi ***shásra meastóireachta agus faireacháin [...]*** Schengen.

(33) Ba cheart don Chiste léiriú a thabhairt ar an ngá atá ann le solúbthacht agus simpliú méadaithe, agus ag an am céanna ceanglais maidir le hintuarthacht á n-urramú, agus dáileadh cothrom agus trédhearcach acmhainní á áirithiú chun na cuspóirí beartais agus na cuspóirí sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach.

(34) Ba cheart na méideanna tosaigh do na Ballstáit a leagan síos sa Rialachán seo, a bheidh comhdhéanta de mhéid seasta agus de mhéid arna ríomh ar bhonn na gcritéar a leagtar síos in Iarscríbhinn I, agus a bheidh ina léiriú ar riachtanais na mBallstát agus ar an mbrú atá orthu i réimsí an tearmainn, na lánpháirtíochta agus an fhillte. ***I bhfianaise na riachtanas speisialta atá ag na Ballstáit sin ina ndearnadh an líon is airde iarratais ar thearmann per capita in 2018 agus 2019, is iomchuí na méideanna socraithe don Chipir, Málta agus an Ghréig a mhéadú.***

(35) Ba cheart na méideanna tosaigh sin a bheith mar bhonn d'infheistíochtaí fadtéarmacha na mBallstát. Chun athruithe ar shreabha imirce a chur san áireamh agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais maidir le bainistiú córas tearmainn agus glactha agus lánpháirtiú náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go dleathach, agus chun cur i gcoinne na himirce neamhrialta le beartas maidir le filleadh atá éifeachtúil agus inbhuanaithe, ba cheart méid breise a leithdháileadh ar na Ballstáit i lár an téarma agus ***critéir oibiachtúla*** [...] á gcur san áireamh. Ba cheart an méid sin a bheith bunaithe ar na sonraí staidrimh is déanaí dá bhfuil ar fáil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun na hathruithe ar staid bonnlíne na mBallstát a léiriú.

(36) Chun rannchuidiú le gnóthú chuspóir beartais an Chiste, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí mar chuid dá gclár lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí sonracha an Rialacháin seo, go bhfuil na tosaíochtaí a roghnófar i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus go n-áirithíonn an leithdháileadh acmhainní idir na cuspóirí gur féidir an cuspóir beartais foriomlán a ghnóthú.

(37) Ós rud é go mbíonn athrú de shíor ag teacht ar na dúshláin i réimse na himirce, is gá leithdháileadh an chistithe a chur in oiriúint do na hathruithe ar na sreabha imirce. Chun freagairt ar riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, déanfar cuid den chistiú a leithdháileadh go tráthrialta ar ghníomhaíochtaí sonracha, ar ghníomhaíochtaí an Aontais, ar chúnamh éigeandála, athlonnú agus ***ligean isteach ar fhoras daonnúil*** [...] chun tacaíocht bhreise a thabhairt do na Ballstáit a rannchuidíonn le hiarrachtaí dlúthpháirtíochta agus freagrachta trí shaoráid théamach. ***Úsáidfear an t-imchlúdach airgeadais a leithdháilfear ar an tsaoráid théamach chun cláir a atreisiú freisin.***

(38) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun cuid dá leithdháileadh don chlár a úsáid chun na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a mhaoiniú trí leas a bhaint as ranníocaíocht níos airde ón Aontas.

(39) D'fhéadfaí cuid de na hacmhainní atá ar fáil faoin gCiste a leithdháileadh freisin ar chláir na mBallstát chun gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme i dteannta a leithdháilte tosaigh. Ba cheart na gníomhaíochtaí sonracha sin a shainaithint ar leibhéal an Aontais agus ba cheart iad a bheith bainteach le gníomhaíochtaí a éilíonn iarracht chomhoibritheach nó gníomhaíocht a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le forbairtí san Aontas óna dteastaíonn breis cistiúcháin a chur ar fáil do Bhallstát amháin nó níos mó.

(40) Ba cheart don Chiste rannchuidiú le tacú leis na costais oibriúcháin a bhaineann le ***cuspóirí sonracha an Chiste*** [...] agus a chur ar chumas na mBallstát na hinniúlachtaí sin atá ríthábhachtach i leith na seirbhíse sin a chothabháil don Aontas ina iomláine. Is é atá i gceist le tacaíocht den sórt sin costais shonracha a bhaineann le cuspóirí an Chiste a aisíoc ina n-iomláine agus ba cheart an méid sin a bheith mar chuid lárnach de chláir na mBallstát.

(41) Chun cur chun feidhme chuspóir beartais an Chiste seo a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta trí chláir na mBallstát, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil leis an gCiste freisin le haghaidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh chun críocha straitéiseacha foriomlána a bhaint amach laistigh de raon feidhme idirghabhála an Chiste i ndáil le hanailís ar bheartais agus nuálaíocht, le foghlaim fhrithpháirteach thrasnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí agus le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí nua a thriail ar fud an Aontais.

(42) Chun neartú a dhéanamh ar acmhainneacht an Aontais dul i ngleic láithreach le hardbhrú imirce neamhthuartha [...] i mBallstát amháin nó níos mó lena mbaineann [...]sreabhadh díréireach náisiúnach tríú tír isteach, lena gcuirtear éilimh mhór phráinneacha ar na saoráidí glactha agus coinneála, ar chóras agus ar nósanna imeachta tearmainn agus imirce, ardbhrú imirce i dtríú tíortha de thoradh forbairtí polaitiúla nó coinbhleachtaí, ba cheart an deis a bheith ann cúnamh éigeandála a thabhairt i gcomhréir leis an gcreat a leagtar amach sa Rialachán seo.

(43) Leis an Rialachán seo, ba cheart a áirithiú go leantar de Ghréasán Imirce na hEorpa a bunaíodh le Cinneadh 2008/381/CE[8] ón gComhairle, agus ba cheart cúnamh airgeadais a thabhairt i gcomhréir leis na cuspóirí atá aige agus leis na cúraimí atá air.

(44) Tabharfar aghaidh ar chuspóir beartais an Chiste seo freisin trí ionstraimí airgeadais agus trí ráthaíocht bhuiséadach faoi ionuithe beartais InvestEU. Ba cheart tacaíocht airgeadais a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ar mhodh comhréireach agus níor cheart maoiniú príobháideach a dhúbláil nó a phlódú mar gheall ar ghníomhaíochtaí a dhéantar ná iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh. Ba cheart breisluach soiléir Eorpach a bheith leis na gníomhaíochtaí a dhéantar.

***(44a) Is ar bhonn deonach a dhéantar oibríochtaí measctha agus is oibríochtaí iad a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais lena gcomhcheanglaítear foirmeacha in-aisíoctha agus/nó foirmeacha neamh-in-aisíoctha tacaíochta ó bhuiséad an Aontais d'fhoirmeacha in-aisíoctha tacaíochta ó institiúidí cur chun cinn/ forbartha nó ó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí.***

8 2008/381/CE: Cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2008 lena mbunaítear Gréasán Imirce na hEorpa (IO L 131, 21.5.2008, lch 7).

(45) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais [...] don Chiste iomlán arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí *[tagairt le nuashonrú mar is iomchuí de réir an chomhaontaithe nua idirinstitiúidigh: pointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais*[9]*]*, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(46) Tá feidhm ag Rialachán (AE***, Euratom***) ***2018/1046***[...] maidir leis an gCiste seo. Leis ***an Rialachán Airgeadais*** [...], leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, ***bainistíocht*** [...]indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(47) Chun gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht chomhroinnte a chur chun feidhme, ba cheart an Ciste a bheith mar chuid de chreat comhleanúnach ina mbeidh an Rialachán seo, an Rialachán Airgeadais agus Rialachán (AE) Uimh. …/2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].

(48) Le Rialachán (AE) Uimh. …/2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], bunaítear an creat gníomhaíochta do CFRE, do CSE+, don Chiste Comhtháthaithe, don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), don Chiste Tearmainn**,** [...] Imirce agus ***Lánpháirtíochta*** (AM***I***F), don Chiste Slándála Inmheánaí (CSI), agus don Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV), mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT), agus leagtar síos ann, go háirithe, na rialacha a bhaineann le clársceidealú, faireachán agus meastóireacht, bainistiú agus rialú chistí an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, cuspóirí AM***I***F a shonrú, agus forálacha sonracha a leagan síos maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí a fhéadfar a mhaoiniú le AM***I***F.

---

**9** IO [...]

***(48a) Leagtar amach scéim réamh-mhaoiniúcháin le haghaidh an chiste in Airteagal 84 de Rialachán (AE) ../..[Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus is sa rialachán sin a leagtar amach ráta sonrach réamh-mhaoiniúcháin. Ina theannta sin, chun freagairt phras ar staid éigeandála a áirithiú, is iomchuí ráta réamh-mhaoiniúcháin sonrach a bhunú le haghaidh cúnamh éigeandála. Leis an scéim réamh-mhaoiniúcháin, ba cheart a áirithiú gur acmhainn don Bhallstát tacaíocht a chur ar fáil do thairbhithe ó thús chur chun feidhme an chláir.***

(49) Ba cheart na cineálacha maoiniúcháin agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo a roghnú bunaithe ar an gcumas atá acu cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a sholáthar agus, go háirithe, na costais a bhaineann le rialuithe, an t-ualach riaracháin, agus an baol a bhaineann le neamhchomhlíonadh a bhfuiltear ag súil leis á gcur san áireamh. Ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidh agus costas aonaid, chomh maith le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais a chur san áireamh.

(50) I gcomhréir le ***Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[10](an Rialachán Airgeadais), Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95[12] ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[13] ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1939[14] ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí, ***lena n-áirítear*** [...] calaois, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, ***pionóis*** riaracháin a fhorchur [...]. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ***ghníomhaíocht neamhdhleathach*** [...] eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ***("OIPE") cionta*** [...] ***i gcoinne leasanna airgeadais an*** Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú ***go hiomlán*** [...] i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a

---

10 ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1) [...].***

11 ***Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1)*** [...].

12 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

13 ***Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2)*** [...].

14 Rialachán (AE) 2017/***1939*** ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

15 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

thabhairt don Choimisiún, do OLAF, ***do OIPE, i dtaca leis na Ballstáit sin a bhíonn rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939***, agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ***(CIE)*** agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

***(50a) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith páirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch***[16]***, ina ndéantar foráil do chur chun feidhme na gclár ar bhonn cinnidh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Is ceadmhach do thríú tíortha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an ionstraim reatha a bheith rannpháirteach sa Chiste seo de chuid an Aontais. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart foráil shonrach a thabhairt isteach sa Rialachán seo chun na cearta riachtanacha agus rochtain a thabhairt don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach.***

16 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

(51) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE, baineann siad freisin le ***coinníollachtaí eile chun buiséad an Aontais a chosaint***[17]***.*** [...].

(52) De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle[18], tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí na hionstraime agus faoi réir aon socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

---

***17 Féadfar an aithris sin a nuashonrú ar feitheamh thoradh na caibidlíochta maidir leis an gcóras coinníollachta.***

**18** Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

(53) De bhun Airteagal 349 de CFAE agus i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas'[19] arna formhuiniú ag an gComhairle ina conclúid an 12 Aibreán 2018, ba cheart do na Ballstáit ábhartha a áirithiú go dtabharfar aghaidh ina gcláir náisiúnta agus ina straitéisí náisiúnta ar na dúshláin shonracha atá os comhair na réigiún is forimeallaí maidir le himirce a bhainistiú. Tacóidh an Ciste leis na Ballstáit sin le hacmhainní leordhóthanacha chun cuidiú leis na réigiúin sin an imirce a bhainistiú go hinbhuanaithe agus chun aon staideanna brú a láimhseáil.

(54) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, [...] ***ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar*** an gCiste seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú ***i gcomhréir le*** [...] ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, ***agus ró-rialáil***, á seachaint [...]. Ar na ceanglais ***sin*** [...] ***ba cheart*** [...] a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chiste ar an talamh. Chun a bhfuil gnóthaithe ag an gCiste a thomhas, ba cheart táscairí agus spriocanna gaolmhara a bhunú i ndáil le gach cuspóir sonrach den ionstraim. Leis na táscairí coiteanna sin agus leis an tuairisciú airgeadais, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. .../2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus an Rialacháin seo.

---

**19** COM(2017) 623 final.

***(54a) Chun críoch chur chun feidhme na gclár, d'fhonn cuspóirí an Chiste a bhaint amach, ní mór sonraí pearsanta áirithe de chuid na rannpháirtithe in oibríochtaí arna dtacú leis an gCiste a phróiseáil. Ba cheart na sonraí pearsanta a phróiseáil do na comhtháscairí, maidir le faireachán, meastóireacht, rialú agus iniúchóireacht, agus i gcás inarb infheidhme, chun incháilitheacht na rannpháirtithe a chinneadh. Ba cheart na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20].***

(55) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Ciste seo leis na gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus le sprioc fhoriomlán ***30 [...]*** % de chaiteachas buiséadach an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. Déanfar gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint nuair a bheidh an Ciste á ullmhú agus á chur chun feidhme, agus déanfar iad a athmheas i gcomhthéacs na meastóireachtaí ábhartha agus na bpróiseas athbhreithnithe.

***(55a) Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 nó aon ghníomh is infheidhme maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020, ba cheart leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir le cláir agus tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí faoin gclárthréimhse 2014-2020. Ós rud é go mbeidh tréimhse chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 fós ar siúl nuair a thosóidh an chlárthréimhse a chumhdaítear leis Rialachán seo agus chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le cur chun feidhme tionscadal áirithe arna bhformheas faoin Rialachán sin, ba cheart forálacha céimnithe a leagan síos. Ba cheart gach céim ar leith den tionscadal céimnithe a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na clárthréimhse faoina bhfaigheann sé cistiú.***

---

**20** ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

(56) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an liosta gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoiniú níos airde mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, le tacaíocht oibriúcháin agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcreat coiteann faireacháin agus meastóireachta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

(57) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. Ba cheart úsáid a bhaint as an nós imeachta scrúdúcháin chun gníomhartha a chur chun feidhme ina leagtar síos oibleagáidí coiteanna ar Bhallstáit, go háirithe maidir le faisnéis a sholáthar don Choimisiún[...].

---

**21** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(58) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin rannchuidiú le bainistiú éifeachtach ar shreabha imirce san Aontas i gcomhréir leis an gcomhbheartas maidir le tearmann, cosaint idirnáisiúnta agus an comhbheartas maidir le hinimirce, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

***58a. Ós rud é go mbaineann gnéithe áirithe den Rialachán seo leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn atá ann faoi láthair, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sásra athbhreithniúcháin chun comhsheasmhacht a áirithiú le haon athbhreithniú a dhéanfar ar an gcóras sin amach anseo. Dá réir sin, i gcás ina ndéanfar athbhreithniú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn ar bhealach a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar fheidhmiú an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún togra iomchuí a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú a mhéid is gá.***

(59) I gcomhréir le hAirteaga*i*l ***1 agus 2*** [...] de [...] Phrótacal ***Uimh. 21*** maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm [...].

***(60)*** I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(61) Is iomchuí tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) .../2021 ón gComhairle [an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil],

***TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:***

# *CAIBIDIL I*
# *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste um Thearmann, [...] Imirce ***agus Lánpháirtíocht*** ("an Ciste"), ***don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.***

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo cuspóirí an Chiste, an buiséad don tréimhse 2021go 2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta' iarratasóir mar a shainmhínítear é/í i bpointe ***(c) d'Airteagal 2 de Threoir 2013/32/AE;*** [...][22]***;***

(b) 'tairbhí de chosaint idirnáisiúnta' de réir bhrí phointe ***(b) d'Airteagal 2 de Threoir 2011/95/AE;*** [...][23];

---

22 [...]
23 [...]

(c) ciallaíonn 'oibríocht mheasctha' gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráidí measctha [...] ***de bhun Airteagal 2(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[24] [...], lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-in-aisíoctha tacaíochta nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais d'fhoirmeacha in-aisíoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;

(d) ciallaíonn "ball teaghlaigh" aon náisiúnach tríú tír a sainmhínítear faoi dhlí an Aontais is ábhartha don réimse beartais gníomhaíochta a bhfuiltear ag tacú leis faoin gCiste;

(e) ***ciallaíonn*** 'ligean isteach ar fhoras daonnúil' ***ligean isteach ar chríoch na mBallstát, ó thríú tír chuig ar easáitíodh iad, tar éis, arna iarraidh sin ag Ballstát, tarchur ón Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, ó UNHCR nó ó chomhlacht idirnáisiúnta ábhartha eile, náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta nó stádas daonnúil ina leith faoi dhlí náisiúnta lena bhforáiltear do chearta agus oibleagáidí atá coibhéiseach leo sin in Airteagail 20 go 34 de Threoir 2011/95/AE do thairbhithe cosanta coimhdí;*** [...][25]

---

24 ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).***

25 [...]

(f) ciallaíonn 'aistriú' aistriú mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/115/CE;

(g) ***ciallaíonn*** 'athlonnú' ***ligean isteach, tar éis tarchur ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ('UNHCR'), náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ó thríú tír chuig ar easáitíodh iad, ar chríoch na mBallstát, a ndeonaítear ina leith cosaint idirnáisiúnta nó aon stádas eile lena dtugtar cearta agus sochair chomhchosúla faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta, agus a bhfuil rochtain acu ar réiteach inmharthana i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;*** [...]

(h) ciallaíonn 'filleadh' filleadh mar a shainmhínítear é i bpointe (3) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/115/CE;

(i) ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine nach saoránach den Aontas é, mar a shainmhínítear in Airteagal 20(1) CFAE. Tabharfar le fios le tagairt do náisiúnaigh tríú tíortha go n-áireofar daoine gan stát agus daoine a bhfuil náisiúntacht neamhchinntithe acu;

(j) ciallaíonn 'duine leochaileach' aon náisiúnach tríú tír a sainmhínítear faoi dhlí an Aontais is ábhartha don réimse beartais gníomhaíochta a bhfuiltear ag tacú leis faoin gCiste.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an Chiste**

1. Is é a bheidh i gcuspóir beartais an Chiste rannchuidiú le sreafaí imirce a bhainistiú go héifeachtach i gcomhréir le acquis ábhartha an Aontais agus i gcomhréir le gealltanais an Aontais maidir le cearta bunúsacha.

2. Faoin gcuspóir beartais a leagtar amach i mír 1, leis an gCiste rannchuideofar leis na cuspóirí sonracha seo a leanas:

   (a) gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a ghné sheachtrach;

   (b) tacú leis an imirce dhleathach chuig na Ballstáit ***agus*** [...] rannchuidiú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír;

   (c) rannchuidiú leis an imirce neamhrialta a throid agus éifeachtacht an fhillte agus an athligean isteach i dtríú tíortha a áirithiú.

3. Faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 2, déanfar an Ciste a chur chun feidhme trí bhíthin na mbeart cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 4*

**Raon feidhme na tacaíochta**

1. Faoi chuimsiú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II, tacóidh an Ciste le [...] gníomhaíochtaí [...] ***amhail na cinn*** a liostaítear in Iarscríbhinn III.

2. Chun cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú, féadfar leis an gCiste tacú leis na gníomhaíochtaí i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn III i dtaca le tríú tíortha agus sna tíortha sin, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 6.

3. Tacófar le cuspóirí an Rialacháin le bearta lena ndíreofar ar spriocghrúpa amháin nó níos mó faoi raon feidhme Airteagal 78 agus Airteagal 79 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 5*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gCiste**

Beidh an Ciste ar oscailt do thríú tíortha, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír sa [...] Chiste, ar choinníoll:

– go n-áirithítear leis an gcomhaontú cothromaíocht i dtaca le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chiste;

– go leagtar síos coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Chiste, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí leis an gCiste agus a gcostais riaracháin. Ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] a bheidh sna ranníocaíochtaí sin;

– nach dtugtar leis an gcomhaontú cumhacht chinnteoireachta don tríú tír maidir leis an gCiste;

– go ráthaítear leis an gcomhaontú cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

***Airteagal 5a***

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

***I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa […]Chiste de thoradh cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta nó de bhua aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun go bhféadfaidh siad a gcuid inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 [...][26].***

---

[26] ***Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)***

*[...]*

**[...]**

[...]

[...]:

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

# CAIBIDIL II
# CREAT AIRGEADAIS AGUS CUR CHUN FEIDHME

## ROINN 1
## FORÁLACHA COITEANNA

*Airteagal 7*

**Prionsabail ghinearálta**

1. Leis an tacaíocht a chuirfear ar fáil faoin Rialachán seo comhlánófar idirghabhálacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus leagfar béim ar bhreisluach a chur le cuspóirí an Rialachán seo.

2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo agus a chuireann na Ballstáit ar fáil ag teacht le gníomhaíochtaí, beartais agus le tosaíochtaí ábhartha an Aontais agus go mbeidh sí comhlántach le hionstraimí eile de chuid an Aontais.

3. Déanfar an Ciste a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, dhíreach nó indíreach i gcomhréir le hAirteagail 62(1) (a), (b) agus (c) de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...].

*Airteagal 8*

**Buiséad**

1. Is é EUR ***9 882 000 000[...]*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chiste don tréimhse 2021-2027.

2. Úsáidfear na hacmhainní airgeadais mar a leanas:

   (a) Déanfar EUR ***6 270 000 000 [...]*** a leithdháileadh ar na cláir a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte;

   (b) Déanfar EUR ***3 612 000 000 [...]*** a leithdháileadh ar an tsaoráid théamach.

3. Déanfar suas le 0.42 % den imchlúdach airgeadais a leithdháileadh ar an gcúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) ../.. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].

***4. Gan dochar do na hacmhainní a leithdháiltear ar Bhallstát faoi bhainistíocht chomhroinnte ar acmhainní inaistrithe iad i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) XX [... Rialachán na bhForálacha Coiteanna], féadfar suas le 5 % san iomlán den leithdháileadh náisiúnta tosaigh ó aon cheann de chistí Rialachán na bhForálacha faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú, ar a iarraidh sin ag Ballstát, chuig an gClár faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(a) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(c). Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.***

*Airteagal 9*

**Forálacha ginearálta maidir le cur i bhfeidhm na saoráide téamaí**

1. Déanfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(b) a leithdháileadh ar bhealach solúbtha trí bhíthin na saoráide téamaí trí úsáid a bhaint as bainistíocht chomhroinnte, dhíreach nó indíreach mar a leagtar amach i gcláir oibre. Bainfear úsáid as cistiú ón tsaoráid théamach maidir lena comhpháirteanna:

(a) gníomhaíochtaí sonracha;

(b) gníomhaíochtaí Aontais;

(c) cúnamh éigeandála;

(d) athlonnú agus ***ligean isteach ar fhoras daonnúil***;

(e) tacaíocht do Bhallstáit ***agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta á n-aistriú acu;***[...]

[...]

(f) ***agus*** Gréasán Imirce na hEorpa.

Tabharfar tacaíocht don chúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin as imchlúdach airgeadais na saoráide téamaí.

2. Bainfear úsáid as cistiú ón tsaoráid théamach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí a bhfuil breisluach ard ó thaobh an Aontais ag baint leo nó chun freagairt do riachtanais phráinneacha i gcomhréir le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais mar a shonraítear in Iarscríbhinn II, lena n-áirítear staid fhoriomlán na himirce. ***Úsáidfear cuid shuntasach den chistiú ón tsaoráid théamach chun tacú le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar imirce sheachtrach.***

3. Nuair a dheonófar cistiú ón tsaoráid théamach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach ar na Ballstáit, áiritheofar nach ndéantar difear do thionscadail de thoradh tuairimí réasúnaithe ón gCoimisiún maidir le sárú faoi Airteagal 258 CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais nó feidhmíocht tionscadal i mbaol.

4. Nuair a dhéanfar cistiú ón tsaoráid théamach a chur chun feidhme le bainistíocht chomhroinnte, measúnóidh an Coimisiún, chun críocha Airteagal 18 agus Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) ../.. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], an ndéantar difear do na gníomhaíochtaí atá beartaithe de thoradh tuairimí réasúnaithe ón gCoimisiún maidir le sárú faoi Airteagal 258 CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas nó feidhmíocht na dtionscadal i mbaol.

5. Cinnfidh an Coimisiún an méid foriomlán a chuirfear ar fáil don tsaoráid théamach faoi leithreasuithe bliantúla bhuiséad an Aontais. Glacfaidh an Coimisiún ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme*** na cinntí maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 110 de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] don tsaoráid théamach, lena sainaithneofar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh agus lena sonrófar na méideanna do gach ceann dá chomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 1. Leagfar amach i gcinntí airgeadais, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).***

6. Leis an tsaoráid théamach, tacófar go háirithe le gníomhaíochtaí a thagann faoi bheart chur chun feidhme 2(b) d'Iarscríbhinn II arna gcur chun feidhme ag na húdaráis ***náisiúnta, réigiúnacha agus*** [...] áitiúla nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

7. Tar éis dó cinneadh airgeadais a ghlacadh dá dtagraítear i mír 5, féadfaidh an Coimisiún leasú a dhéanamh dá réir sin ar na cláir a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte.

8. Féadfaidh cinntí bliantúla nó ilbhliantúla a bheith sna cinntí airgeadais sin agus féadfar ceann amháin nó níos mó de chomhpháirteanna na saoráide téamaí a chumhdach leo.

## ROINN 2

## TACAÍOCHT AGUS CUR CHUN FEIDHME FAOI BHAINISTÍOCHT CHOMHROINNTE

*Airteagal 10*

**Raon Feidhme**

1. Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis an gcuid den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(a) agus le hacmhainní breise atá le cur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte de réir chinneadh an Choimisiúin maidir leis an tsaoráid théamach dá dtagraítear in Airteagal 9.

2. Déanfar tacaíocht faoin roinn seo a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le hAirteagal 63 de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] agus Rialachán AE ../.. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].

*Airteagal 11*

**Acmhainní buiséadacha**

1. Leithdháilfear na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(a) ar na cláir náisiúnta (na 'cláir') a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte go táscach mar a leanas:

   (a) EUR ***5 225 000 000 [...]*** ar na Ballstáit i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

   (b) EUR ***1 045 000 000 [...]*** ar na Ballstáit le haghaidh choigeartú na leithdháiltí ar na cláir dá dtagraítear in Airteagal 14(1).

[...]

*Airteagal 11a*

***Réamh-mhaoiniú***

***I gcomhréir le hAirteagal 84(3a) de Rialachán (AE) ../..[Rialachán na bhForálacha Coiteanna, déanfar an réamh-mhaoiniú don Chiste a íoc i dtráthchodanna bliantúla roimh an 1 Iúil gach bliain, faoi réir na gcistí a bheith ar fáil, mar seo a leanas:***

***(a) 2021: 5 %***

***(b) 2022: 5%***

***(c) 2023: 5%***

***(d) 2024: 5%***

***(e) 2025: 5%***

***(f) 2026: 5%***

***Má ghlactar clár oibríochtúil tar éis an 1 Iúil 2021, íocfar na tráthchodanna is luaithe an bhliain a nglacfar é.***

*Airteagal 12*

**Rátaí cómhaoinithe**

1. Ní sháróidh an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais 75 % de chaiteachas incháilithe iomlán tionscadail.

2. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 90 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar thionscadail a chuirfear chun feidhme faoi réir gníomhaíochtaí sonracha.

3. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 90 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

4. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 100 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar thacaíocht oibriúcháin.

5. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 100 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar chúnamh éigeandála.

***5a. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 30(5)(b)(v) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], is ceadmhach cúnamh teicniúil, dar luach suas le 100 % de rannchuidiú an Aontais, a thabhairt do na Ballstáit.***

6. Sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheasfar clár, socrófar an ráta cómhaoinithe agus uasmhéid na tacaíochta ón gCiste seo le haghaidh na gcineálacha gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1 go mír 5.

7. I dtaca le gach ***cineál gníomhaíochta*** [...], leagfar amach sa chinneadh ón gCoimisiún ***ina bhformheasfar clár*** cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm an ráta cómhaoiniúcháin a ghabhann le ***cineál na gníomhaíochta*** [...] ar ***aon cheann díbh seo a leanas***:

   (a) an ranníocaíocht iomlán, lena n-áirítear ranníocaíochta poiblí agus príobháideacha; [...] [...]

   (b) an ranníocaíocht phoiblí amháin.

*Airteagal 13*

**Cláir**

1. Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil na tosaíochtaí a dtugtar aghaidh orthu ina chlár comhsheasmhach le tosaíochtaí agus dúshláin an Aontais i réimse an bhainistithe imirce agus go bhfreagraíonn siad dóibh, agus go bhfuil siad i gcomhréir go hiomlán le acquis ábhartha an Aontais agus le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais, ***agus comhthéacs sonrach gach Ballstáit á chur san áireamh.*** Agus tosaíochtaí a gclár á sainaithint acu áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na bearta cur chun feidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. [...]. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus leis an ***Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn*** [...] a ***mhéid a bhaineann lena réimsí inniúlachta*** maidir leis na dréachtchláir chun comhleanúnachas agus comhlántacht ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí agus ghníomhaíochtaí na mBallstát a áirithiú. ***Déanfar an comhairliúchán ar bhealach tráthúil gan moill a chur ar chur chun feidhme na gclár oibre.***

3. Féadfaidh an Coimisiún ról a thabhairt don ***[...]*** Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcúraim faireacháin agus mheastóireachta dá dtagraítear i Roinn 5, i gcás inarb iomchuí go háirithe d'fhonn a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme le tacaíocht ón gciste i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais agus le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais.

4. Sa bhreis ar ***[...]*** mholtaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann scrúdú, i gcomhar leis an gCoimisiún, [...] ar an dóigh chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí ***agus*** [...] ar na moltaí trína chlár ***le tacaíocht ón gCiste seo, i gcás inarb iomchuí.***

5. I gcás inar gá, déanfar an clár i gceist a leasú chun na moltaí dá dtagraítear i mír 4 a chur san áireamh. Ag brath ar thionchar an choigeartaithe, féadfaidh an Coimisiún an clár athbhreithnithe a fhormheas.

6. I gcomhar agus i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha i gcomhréir lena n-inniúlacht, de réir mar is infheidhme, féadfar acmhainní faoin gclár a ath-leithdháileadh agus é d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar mholtaí dá dtagraítear i mír 4 a bhfuil impleachtaí airgeadais ag baint leo.

7. ***Féadfaidh*** [...] na Ballstáit na gníomhaíochtaí a shaothrú, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, atá i dteideal cómhaoiniú níos airde a fháil. Chun aghaidh a thabhairt ar imthosca gan choinne nó imthosca nua nó chun cur chun feidhme éifeachtach cistiúcháin a áirithiú, déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun leasú a dhéanamh ar liosta na ngníomhaíochtaí atá i dteideal cómhaoiniú níos airde a fháil mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

8. Nuair a chinnfidh Ballstát tionscadail ***nua*** a chur chun feidhme i gcomhar le tríú tír nó sa tríú tír féin, le tacaíocht ón gCiste, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann [...] ***é sin in iúl*** don Choimisiún ***sula*** [...] ***bhformheastar an tionscadal***.

9. Bunófar clársceidealú dá dtagraítear in Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) .../2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ar na cineálacha idirghabhála a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 14*

**Athbhreithniú meántéarma**

1. In 2024, déanfaidh an Coimisiún an méid breise dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(b) a leithdháileadh ar chláir na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i mír 1(b) go 5 d'Iarscríbhinn I. Beidh feidhm ag an gcistiú don tréimhse ón mbliain féilire 2025 amach.

2. [...]

3. Amhail ó 2025, [...] cuirfear san áireamh i leithdháileadh na gcistí ón tsaoráid théamach an dul chun cinn a dhéanfar maidir le garspriocanna de chuid an chreata feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. .../2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a ghnóthú agus na laigí cur chun feidhme a sainaithníodh.

*Airteagal 15*

**Gníomhaíochtaí sonracha**

1. Is é atá i ngníomhaíochtaí sonracha tionscadail trasnáisiúnta nó náisiúnta i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo a d'fhéadfadh Ballstát amháin, roinnt Ballstát nó na Ballstáit uile leithdháileadh breise ina leith a fháil dá gcláir.

2. Féadfaidh Ballstáit, de bhreis ar a leithdháileadh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(1), cistiú breise a fháil, ar choinníoll go bhfuil sé curtha in iúl mar sin sa chlár agus go n-úsáidfear é chun cur le cur chun feidhme chuspóirí an Rialacháin seo.

3. Ní úsáidfear an cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile sa chlár ach amháin i gcúinsí a bhfuil údar cuí leo agus má dhéanann an Coimisiún iad a fhormheas trí bhíthin leasú ar an gclár oibre.

Airteagal 16

**Acmhainní [...] d'athlonnú agus do ligean isteach ar fhoras daonnúil[...]**

1. De bhreis ar a leithdháileadh a ríomhtar i gcomhréir le ***pointe (a) d'***Airteagal 11(1)[...], gheobhaidh na Ballstáit ***méid breise*** [...] EUR ***7 000 [...]*** le haghaidh gach duine athlonnaithe i gcomhréir le scéim athlonnaithe spriocdhírithe an Aontais. Beidh an ranníocaíocht sin i bhfoirm maoiniúcháin nach mbeidh bainteach le costais i gcomhréir le hAirteagal 125 den Rialachán Airgeadais.

2. ***De bhreis ar a leithdháileadh a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 11(1), gheobhaidh na Ballstáit méid breise EUR 6 000 le haghaidh gach duine a ligtear isteach trí scéimeanna daonnúla.***

3. ***Déanfar na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a mhéadú go EUR 10 000 le haghaidh gach duine leochailigh, ó na grúpaí leochaileacha seo a leanas, a ligeadh isteach trí athlonnú nó trí ligean isteach ar fhoras daonnúil:***

   (a) ***mná agus leanaí i mbaol;***

   (b) ***mionaoisigh neamhthionlactha;***

   (c) ***daoine a bhfuil riachtanais liachta acu nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ach amháin trí athlonnú nó trí ligean isteach ar fhoras daonnúil;***

   (d) ***daoine a bhfuil athlonnú éigeandála nó athlonnú práinneach de dhíth orthu mar gheall ar riachtanais maidir le cosaint dlí nó le cosaint fhisiciúil, lena n-áirítear íospartaigh foréigin nó chéastóireachta.***

4. ***I gcás ina ligeann Ballstát isteach duine a bhaineann le níos mó ná ceann amháin de na catagóirí dá dtagraítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3, ní bhfaighidh an Ballstát sin an méid le haghaidh an duine sin ach aon uair amháin.***

5. ***I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Ballstáit a bheith incháilithe freisin do mhéideanna faoi seach do bhaill teaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, ar choinníoll go ndearnadh na baill teaghlaigh sin a ligean isteach chun aontacht teaghlaigh a áirithiú.***

5a. ***Beidh na méideanna dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfoirm maoiniúcháin nach mbeidh bainteach le costais i gcomhréir le hAirteagal 125 den Rialachán Airgeadais.***

6. ***Déanfar na méideanna breise dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo a leithdháileadh ar na Ballstáit den chéad uair sna cinntí maoiniúcháin aonair lena bhfaomhtar a gclár náisiúnta.*** Ní úsáidfear an cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile sa chlár ach amháin i gcúinsí a bhfuil údar cuí leo agus má dhéanann an Coimisiún iad a fhormheas trí bhíthin leasú ar an gclár oibre. ***Féadfar na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a chur san áireamh sna hiarratais ar íocaíocht chuig an gCoimisiún ar choinníoll go ndearnadh an duine a bhfuil an méid leithdháilte ina leith a athlonnú nó a ligean isteach go héifeachtach.***

[...]

***6a*** [...]. Coinneoidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun go mbeifear in ann na [...] daoine ***athlonnaithe nó ligthe isteach***, agus an dáta a athlonnaíodh ***nó a ligeadh isteach iad, a shainaithint i gceart agus, san am céanna, beidh forlámhas ag na forálacha is infheidhme maidir le tréimhsí coinneála sonraí.***

*7.* ***Chun rátaí reatha boilscithe agus forbairtí ábhartha i réimsí an athlonnaithe a chur san áireamh, agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil, déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a choigeartú, má mheastar é a bheith iomchuí, chun na rátaí reatha boilscithe, na forbairtí ábhartha i réimse an athlonnaithe, chomh maith le fachtóirí lena bhféadfaí an leas a bhaintear as an dreasacht airgeadais a ghabhann leis na méideanna sin a uasmhéadú a chur san áireamh.***

*Airteagal 17*

***Acmhainní le haghaidh aistriú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó aistriú tairbhithe cosanta idirnáisiúnta* [...]**

1. De bhreis ar a leithdháileadh a ríomhfar i gcomhréir le ***pointe (a) d'***Airteagal 11(1)[...], gheobhaidh Ballstát ***méid breise*** [...] EUR ***3 500 [...]*** le haghaidh gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta ***a aistrítear ó*** [...] Bhallstát ***eile i gcomhréir le hAirteagal 17 de*** [...] Rialachán (AE) Uimh. ***604/2013*** [Rialachán Bhaile Átha Cliath] ***nó de thoradh cineálacha comhchosúla athlonnaithe.***

***2. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Ballstáit a bheith incháilithe freisin do mhéideanna do bhaill teaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear i mír 1, ar choinníoll go ndearnadh na baill teaghlaigh sin a aistriú chun aontacht teaghlaigh a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 [Rialachán Bhaile Átha Cliath].***

***2a. De bhreis ar a leithdháileadh a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 11(1), gheobhaidh na Ballstáit méid breise EUR 3 500 le haghaidh gach tairbhí cosanta idirnáisiúnta***[27] ***a aistrítear ó Bhallstát eile.***

***2b I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Ballstáit a bheith incháilithe freisin do mhéideanna faoi seach do bhaill teaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear i mír 2a, ar choinníoll go ndearnadh na baill teaghlaigh sin a aistriú chun aontacht teaghlaigh a áirithiú.***

---

27 Bheartódh an Uachtaránacht na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 a úsáid.

[...]

3. Gheobhaidh Ballstát dá dtagraítear i ***mír*** [...] 1 [...] ***méid breise*** [...] EUR ***3 500 [...]*** in aghaidh an iarratasóra ***a aistríodh ó Bhallstát eile agus*** ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta dó chun bearta lánpháirtíochta a chur chun feidhme ***lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, in aghaidh bhaill teaghlaigh a aistríodh chun aontacht an teaghlaigh a áirithiú i gcomhréir le mír 2. Na Ballstáit sin dá dtagraítear i míreanna 2a agus 2b, gheobhaidh siad freisin an méid breise dá dtagraítear sa mhír seo le haghaidh bearta lánpháirtíochta.***

4. Gheobhaidh Ballstát ***a ghlacann freagracht as iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1, nó Ballstát dá dtagraítear i mír 2,*** [...] ***méid*** breise [...] EUR ***3 500 [...]*** in aghaidh an duine a bhféadfaidh an Ballstát a chinneadh ina leith, ar bhonn an tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal ***10(d) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013*** a uasdátú [...][Rialachán Eurodac] gur ***filleadh an duine sin i bhfírinne ó*** [...] críoch ***na mBallstát*** [...], ar bhonn éigeantach nó deonach, i gcomhréir le cinneadh um fhilleadh nó le hordú aistrithe.

5. Gheobhaidh ***an*** [...] ***Ballstát a chumhdóidh na costais dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 2a agus 2b*** [...] ranníocaíocht EUR ***500*** le haghaidh gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta ***nó tairbhí cosanta idirnáisiúnta a aistrítear go Ballstát eile.*** [...]

6. Beidh na méideanna dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfoirm maoiniúcháin nach mbeidh bainteach le costais i gcomhréir le hAirteagal 125 den Rialachán Airgeadais.

7. Leithdháilfear na méideanna breise dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 ***den Airteagal seo*** do na Ballstáit ina gcláir ar choinníoll go ndéanfar an duine ar leithdháileadh an ranníocaíocht ina leith, de réir mar is infheidhme, a aistriú i bhfírinne go Ballstát, a fhilleadh i bhfírinne nó a chlárú mar iarratasóir sa Bhallstát atá freagrach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. ***604/2013*** [Rialachán Bhaile Átha Cliath]. Ní úsáidfear [...] ***an*** [...] cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile sa chlár ach amháin i gcúinsí a bhfuil údar cuí leo agus má dhéanann an Coimisiún iad a fhormheas trí bhíthin leasú ar an gclár oibre.

***7a. Coinneoidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun go mbeifear in ann na daoine a aistrítear, agus dáta a n-aistrithe, a shainaithint i gceart agus, san am céanna, beidh forlámhas ag na forálacha is infheidhme maidir le tréimhsí coinneála sonraí.***

***8. Laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil, déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1, 2a, 2b, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo a choigeartú, má mheastar é a bheith iomchuí, chun na rátaí reatha boilscithe, na forbairtí ábhartha i réimse athlonnú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, chomh maith le fachtóirí lena bhféadfaí an leas a bhaintear as an dreasacht airgeadais a ghabhann leis na méideanna sin a uasmhéadú a chur san áireamh.***

*Airteagal 18*

**Tacaíocht oibriúcháin**

1. Tá tacaíocht oibriúcháin ina cuid de leithdháileadh Ballstáit agus is féidir í a úsáid mar thacaíocht leis na húdaráis phoiblí atá freagrach as saothrú na gcúraimí agus na seirbhísí ar seirbhís phoiblí don Aontas iad;

2. Féadfaidh Ballstát suas le [...] **20** % den mhéid a leithdháilfear faoin gCiste ar a chlár oibre a úsáid chun tacaíocht oibriúcháin a mhaoiniú faoi chuspóirí in Airteagal 3(2)[...].

3. Comhlíonfaidh na Ballstáit a bhaineann úsáid as tacaíocht oibriúcháin *acquis* an Aontais maidir le tearmann agus filleadh.

4. Léireoidh na Ballstáit sa chlár agus sa [...] tuarascáil, dá dtagraítear in Airteagal 30, an t-údar atá le húsáid a bheith á baint as tacaíocht oibriúcháin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. Sula ndéanfaidh sé an clár a fhormheas, déanfaidh an Coimisiún [...] measúnú ar an staid bhonnlíne sna Ballstáit a bhfuil curtha in iúl acu go bhfuil rún acu tacaíocht oibriúcháin a úsáid. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a chuirfidh na Ballstáit sin ar fáil agus, i gcás inarb ábhartha, an fhaisnéis sin a bheidh ar fáil i bhfianaise na gcleachtaí faireacháin, a dhéanfar i gcomhréir le ***[...]***Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

5. Díreofar an tacaíocht oibriúcháin ar chúraimí agus seirbhísí sonracha mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII.

6. Chun aghaidh a thabhairt ar imthosca gan choinne nó imthosca nua nó chun cur chun feidhme éifeachtach cistiúcháin a áirithiú, déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun leasú a dhéanamh ar an liosta cúraimí agus seirbhísí sonracha in Iarscríbhinn VII.

## ROINN 3

## TACAÍOCHT AGUS CUR CHUN FEIDHME FAOI BHAINISTÍOCHT DHÍREACH AGUS INDÍREACH

***Airteagal 18a***

***Eintitis incháilithe***

***1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas a bheith incháilithe:***

***(a) eintitis dhlítheanacha atá bunaithe in aon cheann de na tíortha seo a leanas:***

***(1) Ballstát, nó tír nó críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin;***

***(2) tríú tír atá comhlachaithe leis an gCiste;***

***(3) tríú tír atá liostaithe sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear ann;***

***(b) aon eintiteas dlítheanach a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta.***

***2. Níl daoine nádúrtha incháilithe.***

***3. Go heisceachtúil, tá eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tír incháilithe chun bheith rannpháirteach i gcás ina bhfuil sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach.***

***4. Eintitis dhlítheanacha atá rannpháirteach i gcuibhreannais ina bhfuil dhá eintiteas neamhspleácha ar a laghad, atá bunaithe i mBallstáit éagsúla nó i dtíortha nó i gcríocha éagsúla thar lear atá bainteach leis na Ballstáit sin i dtríú tíortha, tá siad incháilithe.***

*Airteagal 19*

**Raon Feidhme**

Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht faoin roinn seo [...] chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 62(1) de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] , nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den Airteagal sin.

*Airteagal 20*

**Gníomhaíochtaí an Aontais**

1. Is é atá i ngníomhaíochtaí an Aontais tionscadail trasnáisiúnta nó náisiúnta nó tionscadail a bhfuil leas áirithe acu don Aontas i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo.

2. Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfar an Ciste a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann le cuspóirí an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 3 agus i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

3. Le gníomhaíochtaí an Aontais, féadfar cistiú a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...], go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfaidh siad maoiniú i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha a sholáthar freisin.

4. Deontais a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, tabharfar agus bainisteofar iad i gcomhréir le Teideal VIII de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] .

5. Féadfaidh an coiste meastóireachta a dhéanfaidh measúnú ar na tograí a bheith comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha.

6. Ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh, féadfaidh siad an riosca a chumhdach a bhaineann le gnóthú na gcistí atá dlite ag faighteoirí agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach é faoi ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] . Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos in [Airteagal X] de Rialachán (AE) ../.. [*comharba an Rialacháin maidir leis an gCiste Ráthaíochta*].

*Airteagal 21*

**Gréasán Imirce na hEorpa**

1. Tacóidh an Ciste le Gréasán Imirce na hEorpa agus soláthróidh sé cúnamh airgeadais atá ag teastáil dá chuid gníomhaíochtaí agus dá chuid forbartha amach anseo.

2. Glacfaidh an Coimisiún an méid a chuirtear ar fáil do Ghréasán Imirce na hEorpa faoi leithreasuithe bliantúla an Chiste agus faoin gclár oibre lena leagtar síos na tosaíochtaí maidir lena chuid gníomhaíochtaí tar éis don Bhord Stiúrtha í a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 4(5)(a) de Chinneadh 2008/381/CE (arna leasú). Beidh cinneadh an Choimisiúin ina chinneadh maoiniúcháin de bhun Airteagal 110 de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...]. Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní ar fáil go tráthúil, féadfaidh an Coimisiún an clár oibre do Ghréasán Imirce na hEorpa a ghlacadh mar chinneadh maoiniúcháin ar leithligh.

3. Beidh an cúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil do ghníomhaíochtaí Ghréasán Imirce na hEorpa i bhfoirm deontas do na pointí teagmhála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh 2008/381/CE agus do na soláthairtí poiblí de réir mar is cuí, i gcomhréir le ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...].

*Airteagal 22*

**Oibríochtaí measctha**

Cuirfear oibríochtaí measctha arna gcinneadh faoin gCiste seo chun feidhme i gcomhréir le [*Rialachán InvestEU*] agus le Teideal X de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...].

*Airteagal 23*

**Cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin**

Leis an gCiste, féadfar tacú le bearta cúnaimh theicniúil arna gcur chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin, nó thar a cheann. Déanfar na bearta sin a mhaoiniú ar an ráta 100 %.

*Airteagal 24*

**Iniúchtaí**

Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis nach bhfuil sainordú acu ó institiúidí nó ó chomhlachtaí an Aontais, sin é an bonn a bheidh leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE***, Euratom) 2018/1046*** [...].

*Airteagal 25*

**Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse ***na gcistí sin*** agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal, ***seachas i gcás ina mbíonn teorainn leis an bhfaisnéis sin mar gheall ar a nádúr rúnaicmithe nó rúnda, go háirithe i ndáil le slándáil, ord poiblí agus cosaint sonraí pearsanta de réir an dlí is infheidhme.***

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCiste, ***le*** [...] ***gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chiste*** agus ***leis na*** torthaí ***a baineadh amach***. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gCiste ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh ***i ndáil le*** [...] tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, ***a mhéid*** a bhaineann ***na tosaíochtaí sin*** [...] leis na cuspóirí ***dá dtagraítear in Airteagal 3.***[...]

## ROINN 4

## TACAÍOCHT AGUS CUR CHUN FEIDHME FAOI BHAINISTÍOCHT CHOMHROINNTE, DHÍREACH AGUS INDÍREACH

*Airteagal 26*

**Cúnamh éigeandála**

1. Cuirfear cúnamh airgeadais ar fáil leis an gCiste chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha shonracha i gcás éigeandála a thiocfaidh as ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

(a) ardbhrú imirce i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit arb é a phríomhthréith [...]sreabh mhór dhíréireach de náisiúnaigh tríú tíortha a chuireann brú suntasach agus práinneach ar a saoráidí glactha agus coinneála agus ar a gcórais agus nósanna imeachta maidir le tearmann agus bainistiú imirce;

(b) ***mórphlódú daoine easáitithe*** [...] de réir bhrí Threoir 2001/55/CE[28];

(c) ardbhrú imirce i dtríú tíortha, lena n-áirítear tíortha ina bhfuil fuireach ar dhaoine atá i ngá a gcosanta mar gheall ar fhorbairtí polaitiúla nó ar choinbhleachtaí, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sé tionchar a imirt ar shreabha imirce chun an Aontais.

---

[28] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

2. Féadfaidh cúnamh éigeandála a bheith i bhfoirm deontas a bhronnfar go díreach ar ghníomhaireachtaí díláraithe.

3. Féadfar cúnamh éigeandála a leithdháileadh ar chláir na mBallstát de bhreis ar a leithdháileadh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) agus Iarscríbhinn I ar choinníoll go mbeidh sé curtha in iúl amhlaidh sa chlár náisiúnta. Ní úsáidfear an cistiú seo le haghaidh gníomhaíochtaí eile sa chlár ach amháin i gcúinsí a bhfuil údar cuí leo agus má dhéanann an Coimisiún iad a fhormheas trí bhíthin leasú ar an gclár oibre. ***Féadfaidh 95 % de ranníocaíocht an Aontais a bheith sa réamh-mhaoiniú i gcomhair cúnamh éigeandála, ach cistí a bheith ar fáil.***

4. Deontais a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, tabharfar agus bainisteofar iad i gcomhréir le Teideal VIII de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...] .

***5. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas ar bhonn rialta faoi na hacmhainní airgeadais atá ar fáil maidir le cúnamh éigeandála agus na cineálacha gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith incháilithe.***

*Airteagal 27*

**Cistiú carnach [...] agus Cistiú [...] *eile***

1. Féadfaidh gníomhaíocht a fuair ranníocaíocht faoin gCiste ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Beidh feidhm ag rialacha gach cláir de chuid an Aontais a dhéanann ranníocaíocht, maidir lena ranníocaíocht féin leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an cistiú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Maidir le gníomhaíochtaí a dtugtar dearbhú Séala Barr Feabhais dóibh, ***arna ndámhachtain faoin gCiste seo lena gcomhlíontar[...] [...]*** na coinníollacha carnacha, comparáideacha seo:

(a) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin ionstraim;

(***b***[...]) comhlíonann siad na ceanglais íosta cháilíochta a bhaineann leis an nglao sin ar thograí;

(***c***[...]) ní fhéadfar iad a chistiú faoin nglao sin ar thograí de dheasca srianta buiséadacha.

féadfaidh siad tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ***[...] nó*** ó Chiste Sóisialta na hEorpa+ ***[...]*** , i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal [67] de Rialachán (AE) ../.. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ***[...]***.

## ROINN 5

## FAIREACHÁN, TUAIRISCIÚ AGUS MEASTÓIREACHT

### FOROINN 1

### FORÁLACHA COMHCHOITEANNA

*Airteagal 28*

***Faireachán agus tuairisciú***

1. I gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe atá ar an gCoimisiún de bhun Airteagal ***41(3)(h)(iii)*** [...] de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** [...], cuirfidh sé faisnéis maidir le feidhmíocht faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

2. Déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun Iarscríbhinn V a leasú chun na hathruithe riachtanacha a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoi fheidhmíocht atá le cur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chiste maidir le baint amach chuspóirí sonracha an Rialacháin seo. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag nialas. Spriocanna carnacha a bheidh sna garspriocanna a shocraítear do 2024 agus sna spriocanna a shocraítear do 2029.

***3a. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú freisin ar an sciar den tsaoráid théamach arna úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha.***

4. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, go mbaileofar iad ar dhóigh atá éifeachtúil éifeachtach tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit.

5. Chun a áirithiú go measúnófar go héifeachtach dul chun cinn an Chiste i dtreo bhaint amach a chuspóirí, déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 32 chun Iarscríbhinn VIII a leasú chun na táscairí a athbhreithniú agus a chomhlánú, i gcás inar gá, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú, lena n-áirítear faisnéis tionscadail a bheidh le cur ar fáil ag na Ballstáit. ***Ní bheidh feidhm ag aon leasú ar ábhar Iarscríbhinn VIII sa chéad bhliain chuntasaíochta tar éis na bliana ina nglacfar an gníomh tarmligthe.***

*Airteagal 29*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht mheántéarma agus meastóireacht shiarghabhálach ar an Rialachán seo, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin gCiste.

2. Déanfar meastóireacht mheántéarma agus meastóireacht shiarghabhálach go tráthúil chun cur leis an bpróiseas cinnteoireachta ***i gcomhréir leis an amlíne a leagtar amach in Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. …/… [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]***.

**FOROINN 2**

**RIALACHA MAIDIR LE BAINISTÍOCHT CHOMHROINNTE**

Airteagal 30

***Athbhreithniú* bliantúil ar fheidhmíocht** [...]

1. ***Chun críoch an athbhreithnithe bhliantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE).../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], [...] faoin*** 15 Feabhra 2023 agus faoin dáta céanna gach bliain tar éis sin suas go dtí 2031 agus an bhliain sin san áireamh, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil [...] faoi bhráid an Choimisiúin [...]. ***Cumhdóidh an tréimhse tuairiscithe an bhliain chuntasaíochta deiridh mar a shainítear sin in Airteagal 2(28) de Rialachán (AE).../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], roimh an mbliain a thíolacfar an tuarascáil.***Cumhdófar sa tuarascáil a thíolacfar [...] ***an 15 Feabhra*** 2023 an [...] tréimhse ***ón 1 Eanáir 2021*** [...].

2. Sa [...] tuarascáil, beidh go háirithe faisnéis maidir le:

   (a) dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an chláir agus maidir le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach agus na sonraí is déanaí mar a cheanglaítear le hAirteagal [37] de Rialachán (AE) .../2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];

   (b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chláir agus an ghníomhaíocht a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu;

(c) an chomhlántacht idir na bearta a dtugtar tacaíocht dóibh leis an gCiste agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil ó chistí Aontais eile, go háirithe bearta i dtríú tíortha nó maidir le tríú tíortha;

(d) rannchuidiú an chláir le cur chun feidhme *acquis* agus phleananna gníomhaíochta ábhartha an Aontais;

[...]

(***e***[...]) comhlíonadh na gcoinníollacha cumasaithe is infheidhme agus cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin i rith na clárthréimhse;

(***f***[...]) an líon daoine a athlonnófar le cúnamh ón gCiste i gcomhréir leis na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 16(1);

(***g***[...]) líon iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a aistrítear ó Bhallstát amháin go Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 17.

3. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt maidir leis an [...] tuarascáil laistigh de dhá mhí ón dáta a fhaigheann sé an tuarascáil. I gcás nach gcuirfidh an Coimisiún barúlacha in iúl faoin spriocdháta sin, measfar gur glacadh leis na tuarascálacha.

4. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an teimpléad don [...] tuarascáil. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin***[...] dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

*Airteagal 31*

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Faireachán agus tuairisciú i gcomhréir le Teideal IV de Rialachán (AE) .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], bunófar iad ar na cineálacha idirghabhála a leagtar amach i dTáblaí 1, 2**,** [...] 3 ***agus 4*** in Iarscríbhinn VI. Chun aghaidh a thabhairt ar imthosca gan choinne nó imthosca nua nó chun cur chun feidhme éifeachtach maoiniúcháin a áirithiú, déanfar an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar na cineálacha idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 32.

2. Na [...] táscairí ***a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII***, úsáidfear iad i gcomhréir le hAirteagail 12(1), 17 agus 37 de Rialachán (AE) …/2021 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].

***Airteagal 31a***

***Sonraí pearsanta a phróiseáil***

***1. Chun críocha cur chun feidhme AMIF d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, próiseálfaidh an tÚdarás Bainistíochta, an tÚdarás Iniúchóireachta agus na tairbhithe, mar rialaitheoirí sonraí, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, na sonraí pearsanta is gá maidir leis na táscairí coiteanna in Iarscríbhinn VIII, le haghaidh faireacháin, meastóireachta, rialaithe agus iniúchta agus, i gcás inarb infheidhme, chun incháilitheacht na rannpháirtithe a chinneadh.***

***2. Na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1, coinneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. …/… [de Rialachán na bhForálacha Coiteanna].***

# CAIBIDIL III
# FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 32*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 13, 18, 28 agus 31 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 13, 18, 28, agus 31 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacann sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra maidir leis an ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 13, 18, 28 agus 31 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 33*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh Coiste Comhordúcháin an Chiste um Thearmainn, [...] Imirce agus ***Lánpháirtíocht***, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal ***5[...]*** de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. ***I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***

[...]

*Airteagal 34*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní bheidh éifeacht ag an Rialachán seo ar leanúint de na gníomhaíochtaí ná ar leasú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht don tréimhse 2014-2020, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 516/2014, a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir leis na bearta lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chiste na speansais is gá maidir leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach chun an t-aistriú idir an Ciste agus na bearta a glacadh faoina réamhtheachtaí, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 516/2014, a áirithiú.

***3. I gcás ina leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh tar éis an [cuir isteach dáta chur i bhfeidhm Rialachán na bhForálacha Coiteanna] tacú le tionscadal arna roghnú agus arna thosú faoi Rialachán (AE) Uimh. 516/2014, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 514/2014, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:***

***(a) tá dhá chéim ag an tionscadal a roghnófar amhlaidh is féidir a aithint ó thaobh airgeadais de le rianta iniúchta ar leith;***

***(b) is mó ná EUR 500 000 costas iomlán an tionscadail;***

***(c) áireofar íocaíochtaí don chéad chéim den tionscadal sna hiarrataí ar íocaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. 514/2014. Áireofar caiteachas don dara céim den tionscadal in iarratais ar íocaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];***

***(d) comhlíonann an dara céim den tionscadal an dlí is infheidhme agus tá sé incháilithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];***

***(e) geallann an Ballstát an tionscadal a thabhairt chun críche, é a chur i bhfeidhm agus é a thuairisciú sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht arna cur isteach faoin 15 Feabhra 2024.***

***Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo agus ag forálacha Rialachán (AE) Uimh. .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] maidir leis an dara céim den tionscadal.***

***Airteagal 34a***
***Athbhreithniú***

***I gcás leasuithe reachtacha ar chreat dlíthiúil an Aontais maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn, déanfaidh an Coimisiún togra, i gcás inarb iomchuí, chun an Rialachán seo a leasú chun comhsheasmhacht leis na leasuithe reachtacha sin a áirithiú, agus ionchais dhlisteanacha faighteoirí á n-urramú ag an am céanna.***

*Airteagal 35*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN I

**Critéir maidir le leithdháileadh cistí ar na cláir faoi bhainistíocht chomhroinnte**

1. Déanfar na hacmhainní atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 11 a roinnt idir na Ballstáit mar a leanas:

   (a) Gheobhaidh gach Ballstát méid seasta EUR ***8 000 000*** [...], agus an méid sin amháin, [...] ón gCiste ag tús na clárthréimhse, ***cé is moite den Chipir, de Mhálta agus den Ghréig a gheobhaidh méid seasta EUR 28 000 000***;

   (b) Leithdháilfear na hacmhainní atá fágtha dá dtagraítear in Airteagal 11 bunaithe ar na critéir seo a leanas:

   – ***35*** [...] % le haghaidh tearmainn;

   – 30 % le haghaidh imirce dhleathach agus lánpháirtíochta;

   – ***35*** [...] % le haghaidh an imirce neamhrialta a throid, filltí san áireamh.

2. Cuirfear na critéir a leanas sa réimse um thearmann san áireamh agus déanfar iad a ualú mar seo a leanas:

(a) 30 % i gcomhréir le líon na ndaoine atá i gceann de na catagóirí seo a leanas:

– aon náisiúnach tríú tír nó aon duine gan stát a bhfuil an stádas arna shainmhíniú ag Coinbhinsiún na Ginéive dáfa dó;

– Aon náisiúnach tríú tír nó aon duine gan stát a fhaigheann cineál cosanta coimhdí de réir bhrí Threoir athmhúnlaithe 2011/95/AE[29];

– Aon náisiúnach tríú tír nó aon duine gan stát a fhaigheann cosaint shealadach de réir bhrí Threoir 2001/55/CE[30].

(b) 60 % i gcomhréir le líon na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a chuir isteach ar chosaint idirnáisiúnta.

(c) 10 % i gcomhréir le líon na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát atá á n-athlonnú nó a athlonnaíodh i mBallstát.

---

29 Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9–26).

30 Níor cheart na sonraí a thabhairt san áireamh ach amháin sa chás go ndéantar Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 a ghníomhachtú maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12–23).

3. Cuirfear na critéir a leanas sa réimse um imirce dhleathach san áireamh agus déanfar iad a ualú mar seo a leanas:

(a) ***50*** [...] % i gcomhréir le líon iomlán na náisiúnach tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát.

(b) ***50*** [...] % i gcomhréir le líon na náisiúnach tríú tír a fuair an chéad chead cónaithe.

(c) Ní chuirfear na catagóirí daoine a leanas san áireamh chun críche an ríomha dá dtagraítear i mír 3(b) áfach:

– Náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an chéad chead cónaithe obair-bhainteach a bheidh bailí ar feadh níos lú ná 12 mhí á eisiúint dóibh;

– Náisiúnaigh tríú tír a ligtear isteach chun críocha staidéar, malartaithe daltaí, oiliúna neamhchúitithe nó seirbhíse deonaí i gcomhréir le Treoir 2004/114/CE[31] ón gComhairle nó nuair is infheidhme le Treoir (AE) 2016/801[32];

– Náisiúnaigh tríú tír a ligtear isteach chun críocha taighde eolaíoch i gcomhréir le Treoir 2005/71/CE[33] ón gComhairle nó nuair is infheidhme le Treoir (AE) 2016/801.

---

**31** Treoir 2004/114/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir leis na coinníollacha faoina ligtear náisiúnaigh tríú tír isteach chun críocha staidéar, malartaithe daltaí, oiliúna neamhchúitithe nó seirbhís dheonach (IO L 375, 23.12.2004, lch. 12–18).

**32** Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair *au pair* (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21–57).

**33** Treoir 2005/71/CE ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2005 maidir le nós imeachta sonrach chun náisiúnaigh tríú tír a ligean isteach chun críche taighde eolaíoch (IO L 289, 3.11.2005, lch. 15–22).

4. Cuirfear na critéir a leanas sa réimse maidir le himirce neamhrialta a throid san áireamh agus déanfar iad a ualú mar seo a leanas:

(a) ***60*** [...] % i gcomhréir le líon na náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann na coinníollacha chun teacht isteach agus fanacht i gcríoch an Bhallstáit nó nach gcomhlíonann na coinníollacha sin a thuilleadh agus atá faoi réir ag cinneadh um fhilleadh faoin dlí náisiúnta agus / nó faoi dhlí an Chomhphobail, i.e. cinneadh nó gníomh riaracháin nó breithiúnach, lena sonraítear nó lena ndearbhaítear neamhdhleathacht fanachta agus lena bhforchuirtear oibleagáid um fhilleadh;

(b) ***40*** [...] % i gcomhréir le líon na náisiúnach tríú tír a d'fhág críoch an Bhallstáit tar éis ordú riaracháin nó breithiúnach chun imeacht, cibé an ndéantar é ar bhonn deonach nó comhéigin.

5. Is iad na figiúirí tagartha ar na sonraí staidrimh bliantúla is déanaí arna dtáirgeadh ag an gCoimisiún (Eurostat) lena gclúdaítear na trí bliana féilire roimhe sin ar bhonn na sonraí arna gcur ar fáil ag na Ballstáit ar dháta infheidhmeacht an Rialacháin seo i gcomhréir le dlí an Aontais a úsáidfear don leithdháileadh tosaigh. Is iad na figiúirí tagartha ar na sonraí staidrimh bliantúla is déanaí arna dtáirgeadh ag an gCoimisiún (Eurostat) lena gclúdaítear na trí bliana féilire roimhe sin atá ar fáil tráth an athbhreithnithe meántéarma in 2024 ar bhonn na sonraí arna gcur ar fáil ag Ballstáit i gcomhréir le dlí an Aontais a úsáidfear don athbhreithniú meántéarma. I gcás nach bhfuil na staidrimh lena mbaineann curtha ar fáil ag Ballstáit don Choimisiún (Eurostat), cuirfidh siad na sonraí sealadacha ar fáil chomh luath agus is féidir.

6. Sula nglactar na sonraí sin mar fhigiúirí tagartha, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar cháilíocht, ar chomparáideacht agus ar chríochnúlacht na faisnéise staidrimh i gcomhréir le gnáthnósanna imeachta oibríochta. Ar iarratas ón gCoimisiún (Eurostat), déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur ar fáil dó chun na críche sin.

## IARSCRÍBHINN II

## Bearta cur chun feidhme

1. Rannchuideoidh an Ciste leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(2)(a) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme a leanas:

   (a) feidhmiú aonfhoirmeach *acquis* an Aontais agus na dtosaíochtaí a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a áirithiú;

   (b) tacú le hacmhainneacht chóras tearmainn na mBallstát maidir le bonneagair agus seirbhísí i gcás inar gá;

   (c) dlúthpháirtíocht agus comhroinnt dualgas a fheabhsú idir na Ballstáit, go háirithe i measc iadsan a ndéanann sreabha imirce tionchar orthu, agus trí thacaíocht a chur ar fáil do Bhallstáit a rannchuidíonn le hiarrachtaí dlúthpháirtíochta;

   (d) dlúthpháirtíocht agus comhar le tríú tíortha a ndéanann sreabha imirce tionchar orthu, lena n-áirítear trí athlonnú agus trí bhealaí dleathacha eile i dtreo cosanta san Aontas anuas ar chomhpháirtíocht agus ar chomhar le tríú tíortha le haghaidh imirce a bhainistiú.

2. Rannchuideoidh an Ciste leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(2)(b) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) tacú le forbairt agus cur chun feidhme beartas lena gcuirtear chun cinn imirce dhleathach agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais um imirce dhleathach;

(b) bearta lánpháirtíochta [...] a chur chun cinn chun náisiúnaigh tríú tír a chuimsiú go sóisialta agus go heacnamaíoch, ag déanamh ullmhúchán ionas go mbeidís rannpháirteach ar bhonn gníomhach sa tsochaí ghlactha, [...] le rannpháirtíocht na n-údarás ***náisiúnta agus, go háirithe, na n-údarás réigiúnach nó*** áitiúil [...] agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

3. Rannchuideoidh an Ciste leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(2)(c), trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) feidhmiú aonfhoirmeach *acquis* an Aontais agus na dtosaíochtaí beartais maidir le bonneagar, nósanna imeachta agus seirbhísí a áirithiú;

(b) tacú le cur chuige comhtháite agus comhordaithe maidir le bainistiú filltí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, agus acmhainneachtaí a fhorbairt ar mhaithe le filleadh éifeachtach inbhuanaithe agus dreasachtaí le haghaidh imirce neamhrialta a laghdú;

(c) tacú le cur ar ais deonach cuidithe agus le hath-lánpháirtíocht;

(d) comhar le tríú tíortha agus lena n-acmhainneachtaí comhaontuithe um athligean isteach agus socruithe eile a chur chun feidhme, agus chun filleadh inbhuanaithe a chumasú.

## IARSCRÍBHINN III

## Raon feidhme na tacaíochta

1. Mar chuid den chuspóir beartais dá dtagraítear in Airteagal 3(1), tabharfar tacaíocht leis an gCiste [...] do ***gníomhaíochtaí amhail*** [...]:

   (a) straitéisí náisiúnta maidir le tearmann, imirce dhleathach, cuimsiú, filleadh agus imirce neamhrialta a cheapadh agus a fhorbairt;

   (b) struchtúir ***agus*** córais riaracháin a bhunú, ***lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar chórais TF agus ar idir-inoibritheacht bunachar sonraí agus*** [...] uirlisí, agus foireann a oiliúint, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus geallsealbhóirí ábhartha eile;

   (c) beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu**,** lena n-áirítear faisnéis agus sonraí a bhailiú, [...] a mhalartú ***agus a anailísiú*** agus uirlisí, modhanna agus táscairí staidrimh coitianta [...] a fheidhmiú chun dul chun cinn a thomhas agus forbairtí beartais a mheasúnú;

   (d) faisnéis, na cleachtais is fearr, straitéisí a mhalartú, foghlaim fhrithpháirteach, staidéir agus taighde, gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus oibríochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus líonraí comhair thrasnáisiúnta a chur ar bun;

   (e) seirbhísí cúnaimh agus tacaíochta atá comhsheasmhach le stádas agus le riachtanais an duine lena mbaineann, go háirithe na grúpaí leochaileacha;

   (f) gníomhaíochtaí lena mbaineann an aidhm feasacht maidir le beartais tearmainn, lánpháirtíochta, imirce dleathaí agus fillte a mhúscailt i measc geallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne;

2. Mar chuid den chuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(a), tabharfar tacaíocht leis an gCiste [...] do ***ghníomhaíochtaí amhail*** [...]:

(a) cabhair ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear cúnamh ag an teorainn;

(b) nósanna imeachta tearmainn a reáchtáil ***(i.e. foireann, riachtanais oibriúcháin) chun a áirithiú go gcomhlíonfar an acquis i ndáil le tearmainn***;

(c) iarratasóirí a bhfuil riachtanais nós imeachta nó ghlactha speisialta acu a shainaithint;

(d) bonneagar cóiríochta glactha a bhunú nó a fheabhsú, lena n-áirítear úsáid chomhpháirteach fhéideartha ar shaoráidí dá leithéid ag níos mó ná aon Bhallstát;

(e) acmhainneacht na mBallstát a fheabhsú i ndáil le faisnéis faoin tír thionscnaimh a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh;

(f) gníomhaíochtaí a bhaineann le [...] ***cláir*** athlonnaithe an Aontais [...] nó scéimeanna [...] náisiúnta athlonnaithe ***agus daonnúla;***

(g) aistrithe ***iarratasóirí ar*** chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta;

(h) acmhainneachtaí tríú tíortha a fheabhsú chun cosaint daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu a fheabhsú;

(i) malairtí éifeachtacha ar choinneáil a bhunú, a fhorbairt agus a fheabhsú, go háirithe maidir le mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh.

3. Mar chuid den chuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b), tabharfar tacaíocht leis an gCiste [...] do ***ghníomhaíochtaí amhail*** [...]:

(a) pacáistí faisnéise agus feachtais chun feasacht ar bhealaí dleathacha imirce chuig an Aontas a mhúscailt, lena n-áirítear faoi *acquis* an Aontais um imirce dhleathach;

(b) scéimeanna soghluaisteachta chuig an Aontas a fhorbairt, amhail scéimeanna imirce ciorclaí nó sealadaí, lena n-áireofaí oiliúint chun infhostaitheacht a fheabhsú;

(c) comhar idir tríú tíortha agus na gníomhaíochtaí earcaíochta, na seirbhísí fostaíochtaí agus seirbhísí imirce na mBallstát;

(d) measúnú ar scileanna agus ar cháilíochtaí arna bhfáil i dtríú tír, agus ar a dtrédhearcacht agus ar a gcomhoiriúnacht le cinn ó Bhallstát;

(e) cúnamh i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna d'athaontú teaghlaigh de réir bhrí Threoir 2003/86/CE ón gComhairle[34];

(f) cúnamh maidir le hathrú stádais le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach cheana féin i mBallstát, go háirithe maidir le stádas cónaithe dhleathaigh arna shainiú ar leibhéal an Aontais a fháil;

[34] Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh, (IO L 251, 03/10/2003 lch. 12–18).

(g) [...] bearta lánpháirtíochta amhail tacaíocht shaincheaptha i gcomhréir le riachtanais náisiúnach tríú tír agus cláir lánpháirtíochta lena ndírítear ar oideachas, ar theanga agus ar oiliúint eile amhail cúrsaí insealbhaithe saoránachta agus treoir ghairmiúil***, treoir riaracháin agus dhlíthiúil, ionaid ilfhreastail le haghaidh lánpháirtíochta ina gcuirtear comhairle ghinearálta agus cúnamh ar fáil do náisiúnaigh tríú tír i réimsí amhail tithíocht, cóir mhaireachtála, cúram síceolaíoch agus sláinte, etc****;*

(h) gníomhaíochtaí lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn maidir le seirbhísí poiblí agus príobháideacha a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír agus a dteacht orthu, lena n-áirítear iad a oiriúnú de réir riachtanais an spriocghrúpa;

(i) comhar idir comhlachtaí rialtais agus neamhrialtais ar dhóigh chomhtháite, lena n-áirítear trí ionaid tacaíochta chomhordaithe um lánpháirtíocht, amhail ionaid ilfhreastail;

(j) gníomhaíochtaí lena gcumasaítear agus lena dtacaítear le teacht isteach agus rannpháirtíocht ghníomhach náisiúnach tríú tír sa tsochaí ghlactha agus gníomhaíochtaí lena gcuirtear glacacht sa tsochaí ghlactha chun cinn;

(k) malartuithe agus idirphlé idir náisiúnaigh tríú tír, an tsochaí ghlactha agus údaráis phoiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhairliúchán le náisiúnaigh tríú tír, agus trí idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh.

4. Ag teacht leis an gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(c), tabharfar tacaíocht leis an gCiste [...] do ***ghníomhaíochtaí amhail*** [...]:

(a) [...]***bonneagar*** glactha nó coinneála ***a bhunú nó a fheabhsú***, lena n-áirítear go bhféadfadh níos mó ná Ballstát amháin úsáid chomhpháirteach a bhaint as na saoráidí sin;

(b) malairtí éifeachtacha ar choinneáil a thabhairt isteach, a fhorbairt agus a fheabhsú, go háirithe maidir le mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh;

(c) córais neamhspleácha agus éifeachtacha chun faireachán a dhéanamh ar an bhfilleadh éigeantach a thabhairt isteach agus a atreisiú, mar a leagtar síos in Airteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE[35];

(d) cur i gcoinne na ndreasachtaí maidir le himirce neamhrialta, lena n-áirítear imircigh neamhrialta a fhostú, trí chigireachtaí éifeachtacha agus imleora bunaithe ar mheasúnú riosca, foireann a chur faoi oiliúint, sásraí a chur ar bun agus a chur chun feidhme trínar féidir le himircigh neamhrialta aisíocaíochtaí a éileamh agus gearáin a dhéanamh in aghaidh a bhfostóirí, nó feachtais faisnéise agus múscailte feasachta chun eolas a chur in iúl d'fhostóirí agus d'imircigh faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí de bhun Threoir 2009/52/CE[36];

---

35 Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit le haghaidh náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

36 Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena bhforáiltear do chaighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24–32).

(e) ullmhúchán maidir le filleadh, lena n-áirítear bearta a ndéantar cinntí um fhilleadh mar gheall orthu, náisiúnaigh tríú tír a shainaithint, doiciméid taistil a eisiúint agus baill teaghlach a lorg;

(f) comhar leis na húdaráis chonsalacha agus le seirbhísí inimirce nó le húdaráis agus le seirbhísí ábhartha eile de thríú tíortha d'fhonn doiciméid taistil a fháil, filleadh a éascú agus athligean isteach a áirithiú lena n-áirítear trí oifigigh idirchaidrimh tríú tír a imlonnú;

(g) cúnamh chun filleadh, go háirithe filleadh cuidithe deonach agus faisnéis maidir le cláir um fhilleadh cuidithe deonach;

(h) oibríochtaí um dhíbirt, lena n-áirítear bearta gaolmhara, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos i ndlí an Aontais, cé is moite de threalamh comhéigneach;

(i) bearta chun tacú le filleadh marthanach agus ath-lánpháirtiú an fhillí, ***lena n-áirítear dreasachtaí airgid, oiliúint, socrúchán agus cúnamh fostaíochta agus tacaíocht tosaithe i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha;***

(j) saoráidí agus seirbhísí i dtríú tíortha lena n-áirithítear cóiríocht shealadach iomchuí agus glacadh i ndiaidh sroichte, lena n-áirítear i gcás mionaoisigh neamhthionlactha agus grúpaí leochaileacha eile i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;

(k) comhar le tríú tíortha maidir le cur in aghaidh na himirce neamhrialta agus maidir le filleadh agus athligean isteach éifeachtach, lena n-áirítear maidir le comhaontuithe um athligean isteach agus socruithe eile a chur chun feidhme;

(l) bearta lena mbaineann an aidhm feasacht maidir le bealaí dleathacha inimirce iomchuí agus na rioscaí a ghabhann leis an inimirce neamhdhlíthiúil a mhúscailt;

(m) tacaíocht do thríú tíortha agus gníomhaíochtaí iontu, lena n-áirítear maidir le bonneagar, trealamh agus bearta eile, ar an gcoinníoll [...] ***go bhfuil siad fabhrach*** don [...] chomhar éifeachtach idir tríú tíortha agus an tAontas agus Ballstáit an Aontais maidir le filleadh agus athligean isteach.

**IARSCRÍBHINN IV**

**Gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoiniú níos airde i gcomhréir le hAirteagail 12([...]3) [...]**

– Bearta lánpháirtíochta arna gcur chun feidhme ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

– Gníomhaíochtaí chun malairtí éifeachtacha in ionad coinneála a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

– Cláir um Fhilleadh Cuidithe Deonach agus Ath-lánpháirtíocht agus gníomhaíochtaí eile lena mbaineann;

– Bearta lena ndírítear ar dhaoine leochaileacha agus ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil riachtanais speisialta acu maidir le glacadh nó nós imeachta, lena n-áirítear bearta chun cosaint éifeachtach ar leanaí i mbun imirce a áirithiú, go háirithe leanaí neamhthionlactha**;**

– ***Tionscadail i dtríú tíortha lena ndírítear ar dhul i ngleic leis an ardbhrú imirce atá ar na Ballstáit.***

## IARSCRÍBHINN V

### Na príomhtháscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 28(1)

**Cuspóir sonrach 1:** Gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a ghné sheachtrach:

1. Líon na ndaoine a athlonnaíodh [...].

[...]

2. ***Acmhainneacht bhreise na mbonneagar lena dtacaítear le himircigh agus dídeanaithe*** [...].

[...]

3. Cóineasú ar rátaí aitheantais um chosaint do lucht iarrtha tearmainn ón tír chéanna.

[...]

**Cuspóir sonrach 2:** Tacú leis an imirce dhleathach chuig na Ballstáit ***agus*** [...] rannchuidiú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír:

1. Líon na ***rannpháirtithe*** [...] a ***thuairiscigh, nuair a bhí an tacaíocht tugtha, gur mheas siad gur chabhraigh an ghníomhaíocht lena lánpháirtiú*** [...] .

[...]

[...]

[...]

**Cuspóir sonrach 3:** Rannchuidiú leis an imirce neamhrialta a throid agus éifeachtacht an fhillte agus an athligean isteach i dtríú tíortha a áirithiú:

[...]

[...]

***1***[...]. Líon na bhfillithe[...]

[...]

**IARSCRÍBHINN VI**

**Cineálacha idirghabhála**

**TÁBLA 1: CÓID DO DHIMINSEAN AN RÉIMSE IDIRGHABHÁLA**

| **I. CEAS** | |
|---|---|
| 001 | Coinníollacha glactha |
| 002 | Nósanna imeachta tearmainn |
| 003 | Acquis ón Aontas a chur chun feidhme |
| 004 | Imircigh ar leanaí iad |
| 005 | Daoine a bhfuil riachtanais ghlactha agus nós imeachta speisialta acu |
| 006 | Athlonnú ***nó ligean isteach ar fhoras daonnúil*** |
| 007 | Iarrachtaí dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit |
| 008 | Tacaíocht oibriúcháin |
| ***009*** | ***Daoine leochaileacha*** |

| II. Imirce dhleathach agus lánpháirtiú | |
|---|---|
| 001 | Straitéisí lánpháirtíochta a fhorbairt |
| 002 | ***Daoine leochaileacha/mionaoisigh neamhthionlactha go háirithe*** [...] íospartaigh na gáinneála ar dhaoine |
| 003 | Bearta lánpháirtíochta – faisnéis agus treoraíocht, ionaid ilfhreastail |
| 004 | Bearta lánpháirtíochta – oiliúint teanga |
| 005 | Bearta lánpháirtíochta – saoránaíocht agus oiliúint eile |
| 006 | Bearta lánpháirtíochta – tabhairt isteach, rannpháirtíocht, malartuithe sa tsochaí óstach |
| 007 | Bearta lánpháirtíochta – bunriachtanais |
| 008 | Bearta réamhimeachta |
| 009 | Scéimeanna soghluaisteachta |
| 010 | Cónaí dleathach a fháil |
| ***011*** | ***Tacaíocht oibriúcháin*** |

| | |
|---|---|
| **III. Filleadh** | |
| 001 | Malairtí ar choinneáil |
| 002 | Coinníollacha glactha/coinneála |
| 003 | Nósanna imeachta um fhilleadh |
| 004 | Filleadh cuidithe deonach |
| 005 | Cúnamh ath-lánpháirtíochta |
| 006 | Oibríochtaí um Dhíbirt/Fhilleadh |
| 007 | Córas éifeachtach faireacháin ar fhilleadh éigeantach |
| 008 | Daoine leochaileacha/mionaoisigh neamhthionlactha |
| 009 | Bearta a thugann aghaidh ar dhreasachtaí le haghaidh imirce neamhrialta |
| 010 | Tacaíocht oibriúcháin |
| **IV. Cúnamh teicniúil [...]** | |
| 001 | ***Cúnamh teicniúil*** [...] |
| [...] | [...] |
| [...] | [...] |
| [...] | [...] |

**TÁBLA 2: CÓID DO CHINEÁL AN DIMINSIN GHNÍOMHAÍOCHTA**

| | |
|---|---|
| 001 | Straitéisí náisiúnta a fhorbairt |
| 002 | Fothú acmhainneachta |
| 003 | Oideachas agus oiliúint do náisiúnaigh tríú tír |
| 004 | Uirlisí, modhanna agus táscairí staidrimh a fhorbairt |
| 005 | Faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú |
| 006 | Gníomhaíochtaí/oibríochtaí comhpháirteacha (idir na Ballstáit) |
| 007 | Feachtais agus faisnéis |
| 008 | Saineolaithe a mhalartú agus a thabhairt ar iasacht |
| 009 | Staidéir, treoirthionscadail, measúnuithe riosca |
| 010 | Gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus teicniúla |
| 011 | Cúnamh agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír |
| 012 | Bonneagar |
| 013 | Trealamh |

**TÁBLA 3: CÓID DO DHIMINSEAN NA RIALAITHE MIONSONAITHE MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME**

| | |
|---|---|
| ***001*** | ***Gníomhaíochtaí de réir Airteagal 12(1)*** |
| ***002*** | ***Gníomhaíochtaí sonracha*** |
| ***003*** | ***Gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV*** |
| ***004*** | ***Tacaíocht oibriúcháin*** |
| ***005*** | ***Cúnamh éigeandála*** |

| | |
|---|---|
| [...] | [...] |
| [...] | [...] |
| [...] | [...] |
| [...] | [...] |
| [...] | [...] |

***[…]TABLA 4: CÓID DO DHIMINSEAN AN CHUR CHUN FEIDHME THÁNAISTIGH***

| | |
|---|---|
| ***001*** | ***Comhar le tríú tíortha*** |
| ***002*** | ***Gníomhaíochtaí i dtríú tíortha*** |

## IARSCRÍBHINN VII

### Gníomhaíochtaí atá incháilithe chun tacaíocht oibriúcháin a fháil

Mar chuid den chuspóir sonrach gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a ghné sheachtrach, an cuspóir sonrach rannchuidiú le himirce neamhrialta a throid, éifeachtacht d'fhilleadh agus d'athligean isteach i dtríú tíortha a áirithiú ***agus an cuspóir sonrach tacú leis an imirce dhleathach chuig na Ballstáit agus rannchuidiú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír***, cuimseoidh an tacaíocht oibriúcháin an méid a leanas:

– costais foirne;

– costais seirbhíse, amhail trealamh ***nó córas TF*** a chothabháil nó a athsholáthar;

– costais seirbhíse, amhail bonneagar a chothabháil agus a dheisiú.

## IARSCRÍBHINN VIII

## Na táscairí aschuir agus toraidh dá dtagraítear in Airteagal 28(3)

**Cuspóir sonrach 1:** Gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a ghné sheachtrach:

***Táscairí aschuir***

***1. Líon na rannpháirtithe a fuair tacaíocht;***

- ***an líon de na rannpháirtithe sin a fuair cúnamh dlíthiúil;***
- ***an líon de na rannpháirtithe leochaileacha sin a fuair cúnamh;***

***2. Líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna;***

***3. Líon na mbonneagar glactha a tógadh/a ndearnadh athchóiriú air;***

***4. Líon na n-ítimí trealaimh ghlactha a ceannaíodh.***

***Táscairí toraidh***

***1. Líon na n-áiteanna nua a cruthaíodh sa bhonneagar glactha;***

- ***líon na n-áiteanna nua sin a cruthaíodh do mhionaoisigh neamhthionlactha;***

***2. Líon na n-áiteanna athchóirithe/athfheistithe sa bhonneagar glactha;***

- ***líon na n-áiteanna athchóirithe/athfheistithe sin a cruthaíodh do mhionaoisigh neamhthionlactha;***

***3. Líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó na dtairbhithe cosanta idirnáisiúnta a aistríodh ó Bhallstát amháin go Ballstát eile;***

***4. Líon na ndaoine a athlonnaíodh.***

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

***[...]***

**Cuspóir sonrach 2:** Tacú leis an imirce dhleathach chuig na Ballstáit ***agus*** [...] rannchuidiú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír:

***Táscairí aschuir***

***1. Líon na rannpháirtithe i mbearta réamhimeachta;***

***2. Líon na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a dtugtar tacaíocht dóibh chun bearta lánpháirtíochta a chur chun feidhme;***

***3. Líon na rannpháirtithe a fuair tacaíocht;***

- ***líon na rannpháirtithe sin a bhfuil cúrsa teanga ar bun acu;***
- ***líon na rannpháirtithe sin a bhfuil cúrsa insealbhaithe ar bun acu.***

***Táscairí toraidh***

***1. Líon na rannpháirtithe a raibh cúrsa teanga ar bun acu a raibh feabhas leibhéal amháin ar a laghad, de réir an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpaigh le haghaidh Teangacha nó a choibhéis náisiúnta, tagtha ar a leibhéal inniúlachta i dteanga na tíre óstaí tar éis dóibh an cúrsa teanga a chríochnú.***

***2. Líon na rannpháirtithe a thuairiscigh, nuair a bhí an tacaíocht tugtha, gur mheas siad gur chabhraigh an ghníomhaíocht lena lánpháirtiú***

[...]

[...]

[...]

    [...]

    [...]

    [...]

    [...]

[...]

***[...]***

**Cuspóir sonrach 3:** Rannchuidiú leis an imirce neamhrialta a throid agus éifeachtacht an fhillte agus an athligean isteach i dtríú tíortha a áirithiú:

***Táscairí aschuir***

***1. Líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna;***

***2. Líon na n-ítimí trealaimh/na gcóras TF a ceannaíodh;***

***3. Líon na bhfillithe a fuair tacaíocht lánpháirtíochta.***

***Táscairí toraidh***

***1. Líon na n-áiteanna a cruthaíodh in ionaid choinneála;***

***2. Líon na n-áiteanna a athfheistíodh/athchóiríodh in ionaid choinneála;***

***3. Líon na bhfillithe a filleadh go deonach;***

***4. Líon na bhfillithe a díbríodh;***

***5. Líon na bhfillithe atá faoi réir malairtí ar choinneáil.***

***Foinse sonraí do gach táscaire: Ballstáit***

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

***[...]***